An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

## MEÁN FÓMHAIR 2008 – LÚNASA 2009



**Tuarascáil an Uachtaráin**
**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**
**Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath**

Meán Fómhair 2008 – Lúnasa 2009

Le cur i láthair Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath ag a chruinniú an 15 Nollaig 2009.

ISBN 978-1-905254-42-2

**Pictiúr ar an gclúdach:**
**An dealbh *Rendezvous* le Bob Quinn i gcré-umha agus cloch, suite taobh leis an loch ar champas Belfield. Tá an dealbh ar an UCD Sculpture Trail, tionscnamh arna chruthú ag an ollscoil a bhuíochas le saothair cheannaithe agus saothair a tugadh mar bhronntanas don ollscoil.**

**Grianghraif ar lch1**

1. **Bronnadh céim onórach Dhochtúireachta sa Litríocht ar Hilary M. Weston, daonchara (sa lár), ar Lá Bloom, 16 Meitheamh 2009; taispeánta anseo leis an Ollamh Brigid Laffan, Príomhoifigeach, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD agus an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD**

2. **Fuair an ceoltóir iocónach rac-cheoil Roger Daltrey ó The Who Dámhachtain James Joyce ó Chumann Litríochta agus Stairiúil UCD i mí an Mhárta 2009**

3. **Ghlac James Lovelock (ar chlé), an t-eolaí Briotanach a gcuirtear síos go minic air mar 'fáidh an athraithe aeráide', páirt i gcomhrá poiblí leis an Ollamh Frank Convery, Stiúrthóir an Earth Institute UCD, os coinne lucht éisteachta de níos mó ná 600 duine ag Halla O'Reilly UCD i mí Aibreáin 2009**

4. **Bhí na príomhfhir ghnó, an Dr Michael Smurfit agus Denis O'Brien i measc na n-aíonna ag Dinnéar Céad Bliana Scoileanna Gnó UCD, a tionóladh ag Scoil Iarchéime Ghnó Michael Smurfit UCD i mí Aibreáin 2009**

5. **Fuair Philip Berber, an príomhfhiontraí agus daonchara, an dámhachtain d'Alumnus Scoil Quinn UCD na Bliana, a bhronn Uachtarán na hÉireann Mary Nic Giolla Íosa, air ag Dinnéar Céad Bliana Scoileanna Gnó UCD, a tionóladh ag Scoil Iarchéime Ghnó Michael Smurfit UCD i mí Aibreáin 2009**

6. **I mí Eanáir 2009, rinne Institiúid Confucius UCD Bliain Shíneach an Daimh a cheiliúradh in éineacht leis na Mic Léinn Shíneacha agus Cumann Scoláirí na hÉireann ag Halla O'Reilly UCD. Sa ghrianghraf (ó chlé) Zhang Bin, cleasghleacaí; le Jiang Junlei, mac léinn BComm UCD**

7. **Bhí an bua ag Club na mBád UCD arís le linn 2009, ag buachan an Gannon Cup don 35ú huair**

## An Clár


**Réamhrá leis an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD** 2

**Struchtúr Acadúil Dinimiciúil** 5
Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD 6
Coláiste Gnó agus Dlí UCD 8
Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD 10
Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD 12
Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD 14

**Barr Feabhais a bhaint amach sa Teagasc agus san Fhoghlaim** 17
Líon na Mac Léinn 18
*UCD Horizons* 20
Earcaíocht Mac Léinn agus Cláir Nua 20
An Ceathrú Leibhéal 21
Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil 21
Idirnáisiúnú 21
Teagasc agus Foghlaim, agus Forbairt Acadúil 22
Cáilíocht 22

**Ollscoil Diantaighde den Chéad Scoth a Thógáil** 23
Maoiniú Taighde 24
Dámhachtainí agus Gnóthachtálacha Taighde 25
Mórinstitiúidí Taighde UCD 26
Ionaid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht 30
Braislí Straitéiseacha Taighde (BCT) faoi stiúir UCD 30
Cláir Chomhoibritheacha 31
Institiúidí Acadúla UCD 32


**Ag Soláthar Eispéireas Ardchaighdeáin do Mhic Léinn** 33
Áiseanna a Fhorbairt 34
Leabharlann UCD 35
Seirbhísí TF UCD 35
Ionad UCD um Fhorbairt Gairme 35
An tEispéireas do Mhic Léinn 37
Spóirt agus Cumainn 38

**Cláir Oibre a Mhúnlú** 39
Caidrimh Ollscoile UCD 40
Forbairt agus Caidrimh Alumni UCD 42
Dámhachtainí agus Gradaim 43

**Forbairtí Foirne** 45
Forbairtí Foirne 46
Ceapacháin Nua 47






















# Réamhrá leis an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD

## Fís

De réir mar a fhéachaimid ar aghaidh chuig ár gcéad Phlean Straitéiseach eile, féadfaidh UCD, i mo thuairimse, bheith an-mhórálach as a bhfuil bainte amach ag an ollscoil go dtí seo i gcur i bhfeidhm na leasuithe agus forbairtí ríthábhachtacha arna leagan amach i *bPlean Straitéiseach UCD 2005–2008*. Cuireadh i bhfeidhm an curaclam modúlaithe *UCD Horizons* agus bhí na mic léinn an-sásta leis, agus mar thoradh ar athstruchtúrú UCD i gcúig Choláiste, 35 Scoil agus roinnt institiúidí taighde ildisciplíneacha tá struchtúr maitríse dinimiciúil ann a thógann ar láidreachtaí chroídhisciplíní acadúla UCD, agus a cheadaíonn comhoibriú tras-ollscoile agus taighde agus foghlaim ildisciplíneach níos fearr.

Bhí tiomantas i gcónaí ag UCD maidir leis an dá idéal seo a leanas a bhaint amach – náisiún rathúil faoi bhláth a thógáil trí chruthú agus scaipeadh eolais, agus a oidhreacht a chaomhnú agus a iniúchadh. Cé go gcaithfear an chothromaíocht seo a choinneáil cuireann méid na géarchéime reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta eacnamaíochta an dualgas ar UCD roinnt mhaith dá acmhainní intleachtacha a úsáid ar mhaithe le hathbheochan na rathúlachta eacnamaíochta agus le todhchaí inbhuanaithe. An misean againn ná nasc níos éifeachtaí a chruthú idir oideachas, taighde agus nuálaíocht ionas go mbeidh an cohórt mac léin atá ann faoi láthair in ann eolas, smaointe agus fionnachtana a thiontú ina dtáirgí, seirbhísí agus polasaithe a chuirfeadh feabhas ar an saol ar bhealach a shaibhreoidh gach gné de shaol sóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann agus an domhain.

Chuige seo, bíonn UCD i gcónaí ag cothú caidreamh tábhachtach straitéiseach, agus ina measc tá *TCD/UCD Innovation Alliance*, mar a mbíonn an dá ollscoil ag obair i gcomhar lena chéile agus le páirtithe leasmhara eile, agus ar an gcaoi sin tá ról ag an ollscoil i dtiomáint fhorbairt na fiontraíochta, agus i gcruthú post ardluacha inbhuanaithe. Tá sé beartaithe leis an *Innovation Alliance* féin bheith ina chuid den chlár téarnaimh náisiúnta i gcoitinne a mbeidh mar thoradh air, i dtéarmaí an rialtais féin, 'geilleagar cliste' ina mbláthóidh ár mic léinn agus ár n-iarchéimithe.

Tá tábhacht náisiúnta ag baint le go méadófaí líon na ndaoine atá san ardoideachas. Bhí ról tábhachtach ag UCD athuair sa straitéis náisiúnta seo, ag méadú a dhaonra mac léinn faoi nach mór 4% sa tréimhse 2008/09. Mhéadaigh céad roghanna CAO le haghaidh UCD arís faoi isteach is amach le 6%. D'ainneoin na srianta airgeadais, leanann an ollscoil uirthi ag cothú agus ag feabhsú a bhfuil le tairiscint ag an tríú agus ag an gceathrú leibhéal ach úsáid straitéiseach a bhaint as an maoiniú atá ar fáil agus soláthar na gclár nuálach agus gairmiúil.

Tá tairbhe na dianoibre go léir seo le sonrú anois agus tá UCD ag dreapadh na rangúchán ollscoile domhanda. Sa bhliain 2008, dhreap an ollscoil 69 áit san *Times Higher Education World University Rankings* go dtí an 108ú háit – ardú de 111 áit ón mbliain 2006 i leith.

## Idirnáisiúnú

Tugann UCD tús áite i gcónaí don idirnáisiúnú, straitéis a bhfuil sochair iomadúla ag baint léi don ollscoil agus do shochaí na hÉireann. Ní hé amháin go dtugann sé seo buntáiste do chéimithe maidir le heispéireas idirnáisiúnta agus idirchultúrtha agus scileanna teanga, ach tá an t-ioncam a thagann ó tháillí na mac léinn idirnáisiúnta ina fhoinse thábhachtach don chuid de mhaoiniú na hollscoile nach dtagann ón stát. De bhreis air sin, bíonn tionchar ag láithreacht na mac léinn idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath ar chruthú post agus ar ghníomhaíocht eacnamaíochta sa phobal i gcoitinne. Tá Comhghuaillíocht Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath ag obair i gcomhar le forais eile chun tús áite a thabhairt do Bhaile Átha mar rogha áite do mhic léinn idirnáisiúnta. Tá UCD international ag stiúradh chur i bhfeidhm *UCD International Plan*, i gcomhar le gach Coláiste agus Scoil de chuid UCD.

## Airgeadas

Le cúrsaí mar atá ó thaobh na heacnamaíochta de, tá maoiniúchán anois ina chúis imní níos mó ná mar a bhí agus le brú leanúnach ar an airgeadas poiblí níl aon rathú ann go mbeidh an Stát á choinneáil ag an leibhéal reatha an bhliain seo chugainn. Tá UCD ar a dhícheall costais a ghearradh áit ar féidir é gan cur isteach ar cháilíocht na gclár, agus ioncam a ghiniúint ó áiteanna eile seachas an státchiste mar shampla ó chúrsaí le táillí, ó ghníomhaíocht tráchtála agus ó bhailiú airgid.

AR LEAN AR LCH4



# 'Cuireann méid na géarchéime reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta eacnamaíochta an dualgas ar UCD roinnt mhaith dá acmhainní intleachtacha a úsáid ar mhaithe le hathbheochan na rathúlachta eacnamaíochta agus le todhchaí inbhuanaithe'

## Forbairt campais

D'ainneoin na srianta airgeadais, dhaingnigh UCD maoiniú do chlár forbartha caipitil dar luach €220 milliún, mar a ndéanfar áiseanna acadúla, cónaitheacha agus áineasa an champais a chlaochlú, agus chun comhdhlúthú a dhéanamh ar sheasamh na hollscoile mar an t-ionad idirnáisiúnta is tábhachtaí do bharr feabhais sa teagasc agus sa taighde.

Leagann an clár tógála seo luach mór ar inbhuaine agus ar thírdhreachú agus beidh sé faoi stiúir *Gateway Campus Masterplan*. Seo a leanas roinnt de na príomhfhorbairtí atá ar bun:

- Cuideoidh athfhorbairt Ionad Eolaíochta UCD claochlú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí teagaisc, oiliúna, taighde agus nuálaíochta san eolaíocht agus san innealtóireacht, agus go dtí seo tá soláthar beagnach 4,000 méadar cearnach de chóiríocht athchóirithe taighde bainte amach ag UCD. Tá an chéad chéim eile, an foirgneamh Theas Láir Eolaíochta, le bheith i gcrích go déanach sa bhliain 2010;
- Arna mhaoiniú ag bronntanais mhóra dhaonchairdiúla, ag an bPlean Forbartha Náisiúnta agus le hacmhainní eile ollscoile, tá foirgneamh Dlí Sutherland UCD ag céim fhorbairt an dearaidh, agus tá sé beartaithe é bheith i gcrích go déanach sa bhliain 2011.
- Tá oibreacha cumasúcháin ag céim forbartha le haghaidh choimpléasc nua Foghlama Mac Léinn, Fóillíochta agus Spóirt UCD, a áireoidh áiseanna don díospóireacht, drámaíocht, cumainn, pictiúrlann, meáin, sláinte mac léinn agus fóillíocht, agus linn snámha nua 50 méadar maille le giomnáisiam. Tá sé beartaithe seo a bheith i gcrích go luath sa bhliain 2011;

## An fhoireann

Gan amhras ní féidir fís UCD – is é sin bheith ina ollscoil diantaighde den chéad scoth – a fhíorú gan barr feabhais sa tacaíocht dá phríomhacmhainn – an fhoireann. Tá UCD fós tiomanta de éascú a dhéanamh ar fhorbairt iomlán na foirne atá ann faoi láthair, agus d'earcaíocht straitéiseach na foirne nua atá aitheanta ina saineolaithe ina réimsí féin.

## Conclúid

Sa tréimhse dhúshlánach seo, bhain UCD sochar mór as an treoir agus an taithí a chuir an tÚdarás Rialaithe ar fáil. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Kieran McGowan, a bhí ina chathaoirleach ar an Údarás ó 2004 agus a d'éirigh as an gcathaoirleacht i mí Feabhra 2009. Tá an ollscoil faoi chomaoin aige as an gcomhairle agus an tacaíocht a chuir sé ar fáil dom féin agus do m'Fhoirann Ardbhainistíochta, de réir mar a d'oibríomar le chéile chun ár bhfís straitéiseach a bhaint amach don ollscoil.

Ba mhaith liom fáilte a chur freisin roimh chathaoirleach nua an Údaráis, Dermot Gallagher, atá ar dhuine de na státseirbhísigh is dearscnaithí dá ghlúin, agus a ghlac an chathaoirleacht i mí Feabhra 2009. Cé nach ndéanaimid na dúshláin atá romhainn a mheas faoi bhun a suntais, táimid lánchinnte de, le Dermot Gallagher ina chathaoirleach, go mbeidh sé de chumas ionainn dul ó neart go neart.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Ron Bolger agus Adrian Bourke as bheith ina gcathaoirligh ar Choistí Airgeadais agus Iniúchóireachta UCD faoi seach agus le halumni na hollscoile agus cairde iomadúla UCD a thug a gcuid ama go flaithiúil chun bheith ar ár mboird agus ár gcoistí ar fud na hollscoile.

Rinneamar an-dul chun cinn le bliain anuas agus déanfaimid ár ndícheall eolas a chur chun cinn trí thaighde, scoláireacht agus teagasc ardchaighdeáin, agus an t-eolas nua seo a chur i bhfeidhm chun gnóthaí, táirgí, polasaithe agus seirbhísí na todhchaí a fhorbairt. Táim lánchinnte go leanfaimid leis an dul chun cinn seo sa bhliain atá romhainn.



**Hugh Brady**
**Uachtarán**



2

## STRUCHTÚR ACADÚIL DINIMICIÚIL

D'éirigh go sármhaith le hathstruchtúrú UCD go cúig Choláiste agus 35 Scoil, mar a leagadh amach i *bPlean Straitéiseach UCD 2005–2008*. De thoradh an athstruchtúraithe, is ollscoil nua-aimseartha dhinimiciúil é UCD, atá níos oiriúnaí do chomhoibriú tras-ollscoile agus do thaighde agus d'fhoghlaim idirdhisciplíneach.

In ainneoin srianta airgeadais, leanann Coláistí UCD ar aghaidh ag cothabháil agus ag méadú a gcuid tairiscintí acadúla ag an tríú agus ag an gceathrú leibhéal, trí chláir acadúla agus ghairmiúla nuálacha a sholáthar.

## AN CLÁR


| | |
|---|---|
| Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD | **6** |
| Coláiste Gnó agus Dlí UCD | **8** |
| Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD | **10** |
| Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD | **12** |
| Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD | **14** |

# Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD

ucd.ie/artsceltic

## Plean straitéiseach

Tá Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD tiomanta d'eolas sna daonnachtaí a chur chun cinn agus d'fhoghlaim sna daonnachtaí a chothú, trí thaighde agus trí theagasc cruthaitheach, nuálach agus sármhaith an Choláiste. Tá an Coláiste tiomanta chomh maith, do rannpháirtíocht na mac léinn agus d'fhoghlaim ghníomhach a chur chun cinn; agus do theagasc atá bunaithe ar thaighde a chothú.

Tá an comhchruinniú is leithne agus is dinimiciúla in Éirinn de scoláirí daonnachtaithe bunaithe sa Choláiste. Cé go leanann an Coláiste le traidisiún an scoláire aonair a chothú, cuireann sé braislí taighde chun cinn chomh maith, ina mbíonn taighdeoirí luathchéime agus scoláirí bunaithe ag obair le chéile agus ina mbíonn fiosrú idirdhisciplíneach á dhéanamh. Aithníonn an Coláiste an fhreagracht atá air cur le saol sóisialta agus cultúrtha na Éireann i gcoitinne, trína léachtaí poiblí, foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana eile, agus trí roinnt bailiúchán ríluachmhar a chaomhnú, lena n-áirítear Cartlann Bhéaloideas Éireann, Cartlann UCD, agus an chomhpháirtíocht idir UCD agus na Proinsiasaigh (OFM).

## Dul chun cinn go dtí seo

Nuair a cuireadh an chéad timthriall iomlán den chéim mhodúlach BA i gcrích (2008/09), ba dheis oiriúnach é do na Scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar theagasc, ar mhodhanna measúnachta agus ar thorthaí foghlama na Scoileanna. Cé gur cuireadh in iúl san athbhreithniú go raibh ag éirí go maith leis an gclár, bítear i gcónaí ag machnamh ar na slite is fearr chun teagasc ar ardchaighdeán a sholáthar sa Choláiste do líon mór mac léinn a bhfuil cumais éagsúla acu. Thug Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD modúil foghlama ar bhonn fianaise do 500 mac léinn ar leibhéal a haon, agus déanfar torthaí an chleachtaidh sin a úsáid i gcomhair straitéis mhúinteoireachta an Choláiste. Chomh maith leis sin, d'ofráil Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD áiteanna don phobal chun freastal ar léachtaí BA, gan aon ghá dóibh scrúduithe a dhéanamh.

Tá ag méadú i gcónaí ar raon na gclár struchtúrtha do chéimithe le feidhmiú céimneach an Chláir Taighde agus Oideachais Iarchéime *Gender, Culture and Identities*, clár idirdhisciplíneach atá maoinithe ag an ÚAO agus a chuimsíonn foghlaim leictreonach agus cianfhoghlaim. Rinne Institiúid John Hume don Léann Éireannach Domhanda UCD, ar pháirt den chuibhreannas le haghaidh Daonnachtaí Thimthriall PRTLI 4 a fhreastalaíonn ar Shochaí na hÉireann é, sraith léachtaí agus ceardlann a thairiscint i gcomhar le hollscoileanna comhpháirtíochta.

Arís i 2008/09, rinne scoláirí daonnachtaithe UCD líon mór monagraf agus cnuasach a chur in eagar. Roghnaigh *Choice* – foilseachán ó na Stáit Aontaithe, *Phantoms of War* leis an Ollamh Anne Fuchs (Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD) mar cheann de shárfhoilseacháin acadúla 2008. Ba í sin an tríú bliain as a chéile ar bronnadh an acaláid sin ar scoláirí daonnachtaithe UCD. Bronnadh Duais Leabhair Michael J Durkan ar an Ollamh Harry White (Scoil Cheoil UCD) dá leabhar siúd, *Music and the Irish Literary Imagination*, atá tiomnaithe don drámadóir Brian Friel, a fuair Bonn Ulysses UCD ar Lá Bloom 2009.

Bronnadh deontas pearsanta ó Chomhairle Taighde na hEorpa de €1.2 milliún ar an Dr Robert Gerwarth (Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD), do thionscadal taighde ceithre bliana, ar *Paramilitary Violence, Demobilisation and the Paths to Peace in Europe and the Wider World, 1917 to 1923* – an chéad deontas dá shórt a bronnadh ar scoláire daonnachtaí Éireannach agus an deontas taighde is mó ón AE do thionscadal daonnachtaí in Éirinn. Neartóidh an deontas sin taighde in Ionad Staidéar Chogaí UCD, faoi stiúir an Dr Gerwarth i gcomhoibriú le comhghleacaithe i Scoileanna na gClasaicí, na Seandálaíochta, na Staire agus na Cartlannaíochta UCD.

Le sealbhús pháipéir an Pháirtí Dhaonlathaigh, treisíodh seasamh Cartlanna UCD mar an príomhstór do thaifid stát nua-aoiseach na hÉireann.

### Tá Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD déanta suas d'ocht Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Mary E. Daly
**Príomhoide Ionaid:** An tOllamh Liam Mac Mathúna
**Stiúrthóir na Scoile Céimithe:** Dr Marc Caball

**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** Feargal Murphy
**An Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An tOllamh Gerardine Meaney

**Scoil na Seandálaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Gabriel Cooney

**Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Kathleen James-Chakraborty

**Scoil na gClasaicí UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Christine Haywood

**Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Nicholas Daly

**Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Richard Aldous

**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Liam Mac Mathúna

**Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Jean-Michel Picard


**Scoil an Cheoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Thérèse Smith

** ó 1 Meán Fómhair 2008 ar aghaidh*


1


2


3



4


5


6


7

1. **Cuireadh an chéad scrolla clóscríbhinne, 120 troigh ar fhad, de mhór-úrscéal Jack Kerouac *On the Road* ar taispeáint go poiblí i UCD le linn Fheabhra 2009. Sa ghrianghraf (ó chlé): An tOll. Liam Kennedy, Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD; James Canary, Lilly Library, Ollscoil Indiana; agus an tOll. Dick Ellis, Cathaoir an Léinn Mheiriceánaigh agus Cheanadaigh ag Ollscoil Birmingham**

2. **I mí an Mheithimh 2009 rinne UCD Brian Friel, an drámadóir beo is fearr in Éirinn, a onórú le Bonn Ulysses**

3. **Tugadh Páipéir an Pháirtí Dhaonlathaigh do Chartlanna UCD i mí an Mheithimh 2009. Sa ghrianghraf (ó chlé): an tOll. Ronan Fanning, bunaitheoir an Pháirtí Dhaonlathaigh, Des O'Malley agus an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD**

4. **Bhronn an Chomhdháil Mheiriceánach don Léann Éireannach Dámhachtain Leabhair Michael J Durkan ar Ollamh Harry White ó Scoil an Cheoil UCD as ucht *Music and the Irish Literary Imagination* (Oxford, 2008)**

5. **Thug Malcolm Gladwell, údar móréilimh *The Tipping Point* agus *Blink*, a chéad léacht phoiblí in Éirinn, faoi óstaíocht Institiúid John Hume UCD don Léann Éireannach Domhanda ag Halla O'Reilly UCD le linn mhí na Samhna 2008**

6. **Taispeánta ag seoladh chlár taighde Ionad an Léinn Astrálaigh UCD, *Memory and the Uses of the Past in Ireland and Australia* i mí Feabhra 2009 bhí (ó chlé): Ambasadóir na hAstráile go hÉirinn, A hOirirceas Anne Plunkett; an tAire Gnóthaí Eachtracha, Micheál Martin TD; an tOll. Stuart Ward, Keith Cameron Cathaoir na Staire Astrálaí ag Ionad an Léinn Astrálaigh UCD; agus Cathaoir Chomhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta, an Dr Maurice Bric**

7. **Mar aitheantas ar a bhfeabhas acadúil, toghadh an tOll. Anne Fuchs ó Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD (ar chlé) agus an tOll. Stephen Mennell (ar dheis) mar bhaill d'Acadamh Ríoga na hÉireann i mBealtaine 2009, taispeánta anseo leis an Oll. Nicholas Canny, Uachtarán Acadamh Ríoga na hÉireann**

## Coláiste Gnó agus Dlí UCD

ucd.ie/businessandlaw

### Plean straitéiseach

Leanann an dá Scoil sa Choláiste ag feidhmiú faoin tsamhail dhíláraithe, a ndearnadh trácht uirthi anuraidh, ach tá comhthreo straitéiseach acu. Tá an Coláiste tiomanta do chaighdeán na bhfochéimithe a chothabháil, do líon na mac léinn ag leibhéal na hiarchéime agus na dochtúireachta a mhéadú, agus d'éagsúlacht na mac léinn a mhéadú trí níos mó mac léinn idirnáisiúnta a earcú.

Leanfaidh an Coláiste ag brú mhéid agus chaighdeán an taighde chun cinn, go háirithe an taighde comhoibritheach. Is iad na réimsí tábhachtacha atá ainmnithe ag Scoil Gnó UCD i dtaca le forbairt ná airgeadas, nuálaíocht, domhandú agus inbhuaine.

Déanfar na hacmhainní taighde agus teagaisc a fheabhsú trí líon mac léinn na dáimhe a mhéadú; is é an cuspóir straitéiseach ná foireann teagaisc den scoth ó mhórthimpeall an domhain a earcú chun na mic léinn is fearr a mhúineadh.

Déanfar freastal ar an méadú sin i líon mac léinn na dáimhe trí acmhainní na mac léinn a fheabhsú. I gcás Scoil an Dlí UCD go háirithe, beidh modhanna teagaisc nuálacha mar thoradh air sin.

Tá Scoil Ghnó UCD tiomanta do bheith ina scoil ghnó dhomhanda, agus mar léiriú air sin, bíonn an scoil tiomanta i gcónaí dá háit sa rangú domhanda a bhrú chun cinn.

### Dul chun cinn go dtí seo

Lean líon na mac léinn ag fás, agus tá comórtas dian ann go fóill maidir leis na fochéimithe is fearr. Is ón méadú i líon na gcéimithe a tháinig an fás.

Tháinig méadú ar líon na mac léinn idirnáisiúnta chomh maith, agus is iad na mic léinn idirnáisiúnta a dhéanann suas 25% de na mic léinn i Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD. Cruthaíodh comhaontais nua le hollscoileanna Síneacha, a thabharfaidh mic léinn isteach ag leibhéil na fochéime agus na hiarchéime.

Leanadh le forbairt na gclár atá á dtairiscint ag an gColáiste. D'aistrigh Scoil an Dlí UCD go dtí an cúrsa ceithre bliana Baitsiléir sa Dlí Sibhialta (BCL), agus tugadh isteach cláir nua mháistreachta sa dá Scoil. Ag an leibhéal fochéimithe, chuaigh an chéad dream de mhic léinn ó Scoil Quinn UCD chun staidéar a dhéanamh sa tSín. Lean an t-aonad Oideachais Fheidhmeannaigh i Scoil Smurfit UCD ag méadú agus ag cruthú comhaontais le cuideachtaí idirnáisiúnta tábhachtacha dála Google.

Faoi choimirce an Acadaimh Airgeadais Dhomhanda, beidh An Scoil Ghnó UCD i gceannas ar Bhraisle Straitéiseach Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Clár taighde idirdhisciplíneach, trasollscoile sa bhainistíocht sócmhainní agus riosca a bheidh i gceist; is é an tOllamh Anthony Brabazon a bheidh ina Phríomhthaighdeoir. Chomh maith le tacaíocht dhíreach a sholáthar do ghníomhaíochtaí nuálaíochta a bhaineann le seirbhísí idirnáisiúnta airgeadais atá bunaithe in Éirinn, cruthófar soláthar pearsanra, taighdeoirí iardhochtúireachta agus iarchéimithe PhD ardoilte mar thoradh tábhachtach ar an taighde. Acadóirí a mbeidh scileanna den scoth acu sa samhaltú cainníochta agus a thabharfaidh tacaíocht don fhorás san easpórtáil seirbhísí airgeadais sa todhchaí a bheidh i gceist. Cuirfidh an taighde sin tús le céim nua in aschur taighde na Scoile.

Thosaigh an tOllamh John Jackson a phost ina Dhéan ar Scoil Dlí UCD. D'fhonn acmhainn taighde agus teagaisc na Scoile Gnó a láidriú, rinne an Scoil Ghnó cúig cheapachán nua acadúla idirnáisiúnta. Ceapadh an tOllamh John Geary ón Scoil Ghnó UCD d'Ollúnacht Oinigh in Ollscoil Modena san Iodáil. Bíonn éileamh i gcónaí ar bhaill na Dáimhe mar shaintráchtairí agus mar bhaill de bhoird rialtais agus de ghrúpaí comhairleacha.

D'éirigh leis an Scoil Dlí UCD dul chun cinn a dhéanamh maidir lena pleananna i gcomhair foirgneamh nua Scoil Dlí Sutherland UCD. Cuireadh maoiniú faoi urrús, ceapadh comhairleoir don dearadh agus aontaíodh ar shuíomh áirithe. Tá an foirgneamh nua páirtmhaoinithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta 2007–13 agus ag bronntanas daonchairdiúil mór ó Peter Sutherland SC. Cuirfidh sé feabhas mór ar áiseanna do mhic léinn chomh maith le teagasc i scileanna nua san oideachas dlíthiúil cliniciúil a éascú.

D'éirigh leis an Scoil Ghnó UCD dul chun cinn a dhéanamh maidir lena torthaí sa rangú domhanda agus is í fós an t-aon scoil ghnó sa tír í a bhfuil rangú domhanda aici. Rinne an Scoil Ghnó 100 bliain de theagasc gnó in UCD a cheiliúradh freisin agus thug an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa cuairt ar an Scoil mar chuid den cheiliúradh. Sheol an alumni gnó Ciste Scoláireachta ag Comóradh Céad Bliain agus tá sé sin tar éis tacaíocht láidir a mhealladh.

Rinne an grúpa Bain athbhreithniú ar an straitéis do Scoil Ghnó UCD agus thacaigh siad le treoir agus le huaillmhianta na straitéise. Tá moltaí an ghrúpa Bain á n-úsáid chun an Scoil a threorú sa todhchaí.

### Tá Coláiste Gnó agus Dlí UCD déanta suas de dhá Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tUasal Paul Haran

**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** An Dr Ann Bourke
**An Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:**
An tOllamh Colin Scott

**An Scoil Ghnó UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Tom Begley

**An Scoil Dlí UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh John Jackson

**ó 1 Meán Fómhair 2008 ar aghaidh*



1




2




3




4



5




6



7

1. **Taispeánta roimh fháiltiú d'Ollaimh Chúnta nua UCD i mí Iúil 2009 bhí (ó chlé): Michael McDowell SC; an tArd-Aighne Paul Gallagher SC; An Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; Michael Collins SC; An Dr Angela Ward; agus an tOll. John Jackson, Déan Scoil Dlí UCD**

2. **Ag Dinnéar Céad Bliana Scoileanna Gnó UCD i mí Aibreáin 2009 bhí (ó chlé): Paul Haran, Príomhoide an Choláiste; An Dr Michael Smurfit; Andrew Flood; an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; Claire Kennedy; Philip Berber; Lochlann Quinn; agus an tOll. Tom Begley, Déan, Scoil Ghnó UCD**

3. **An Dr Robert Shapiro, comhairleoir eacnamaíoch le feachtas Barack Obama agus an Dr Michael Kamarck, leas-uachtarán feidhmiúcháin Wyeth Biotech, leis an tsamhail Yomikno Chen, ag an seimineár *FDI: What's the Forecast?* faoi óstaíocht Alumni Gnó UCD i mí na Samhna 2008**

4. **Ag an Dinnéar Céad Bliana i mí Aibreáin 2009 bhí (ó chlé): an tOll. Michael MacCormac, Alumnus na Bliana Scoil Smurfit UCD; an tUachtarán Máire Nic Giolla Íosa, Philip Berber, Alumnus na Bliana Scoil Quinn UCD; agus an tOll. Tom Begley**

5. **An tOll. Pat Gibbons, An tOll. Niamh Brennan agus Cyril McGuire ag Damhsa Samhraidh Alumni Gnó UCD i mí Bealtaine 2009**

6. **An tOll. Tom Begley le Buaiteoir Dhámhachtain na Mac Léinn MBA Niamh Mangan ag Dinnéar Bliantúil Scoil Smurfit UCD i mí Aibreáin 2009**

7. **Lochlann Quinn, cathaoirleach, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, agus Ronan Murphy, ard-chomhpháirtí, PwC, ag ócáid alumni a d'eagraigh Scoil Ghnó UCD agus Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann i mí Eanáir 2009**

## Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD

ucd.ie/engscience

### Plean straitéiseach

Is é an misean atá ag Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD ná bheith ar cheann de phríomhcholáistí innealtóireachta agus eolaíochta na hEorpa, ag cur eolais chun cinn agus ag cothú nuálaíochta san innealtóireacht, sa mhatamaitic agus sna heolaíochtaí fisiciúla. Tá páirt mhór le himirt ag an gColáiste maidir le teacht ar réitigh do na dúshláin náisiúnta agus dhomhanda innealtóireachta agus eolaíochta agus maidir le geilleagar cliste a thabhairt chun beatha in Éirinn trína chéimithe, trína mhaoin intleachtúil, trína nuálaíochtaí agus trína chomhoibrithe tionsclaíocha. Tá comhpháirtíochtaí comhoibrithe láidre ag an gColáiste le hearnáil na tionsclaíochta agus le hinstitiúidí acadúla Éireannacha agus idirnáisiúnta eile, chomh maith le comhoibrithe ildisciplíneacha leis na heolaíochtaí beatha, le leigheas agus le gnó.

### Dul chun cinn go dtí seo

Mórfhorbairt ab ea comhdhlúthú fhormhór na gclár innealtóireachta sa Choláiste mar iarratas amháin ar an CAO (DN077), rud a chiallaíonn go bhfuil an rogha is leithne i ndisciplín na hinnealtóireachta sa tír á soláthar ag an gColáiste. Ag an leibhéal fochéime, tugadh isteach sé chlár Máistreachta nua san Innealtóireacht (ME): Bithleighis; Sibhialta; Innealtóireacht Leictreonaice agus Ríomhaireachta; Córais Fuinnimh; Innealtóireacht le Gnó; agus Innealtóireacht Mheicniúil.

Bunaíodh an Grúpa Réamhfhéachana Innealtóireachta chun deiseanna a aimsiú d'Innealtóireacht UCD go ceann 10 mbliana, agus is é an tOllamh Chen-Ching Liu, Príomhoide Ionaid an Choláiste, atá ina chathaoirleach ar an ngrúpa. Bhunaigh an Grúpa téamaí tosaíochta don Choláiste maidir le taighde innealtóireachta sa bhreis ar théamaí tosaíochta na Scoileanna Eolaíochta.

Bhí 385 pointe ag teastáil do Chlár Omnibus Eolaíochta UCD ar an CAO, suas ó 300 an bhliain roimhe. Ag 445 pointe, daingníodh áit Omnibus Innealtóireachta ag barr liosta na gclár innealtóireachta iontrála singile.

Mar chuid dá comhoibriú le hearnáil na tionsclaíochta, sheol Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, *Introduction to Computer Science and Programming* (ICSP), i bpáirt le Google Éireann – modúl a ceapadh chun buneolas san eolaíocht ríomhaireachta a thabhairt do dhaltaí iar-bhunscoile.

Rinne an Dr Fionn Murtagh ó SFI, Braisle Fuinneamh Gréine Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) a sheoladh go hoifigiúil in éineacht leis an Ollamh Don MacElroy (príomhthaighdeoir) ó Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD.

Bhí acadóirí ón gColáiste ag obair ar thrí cinn as cúig cinn de Bhraislí Straitéiseacha Taighde nua (SRCs) a d'fhógair An Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan TD. Ceann díobh siúd ná an Bhraisle Anailíse Graf Clique agus Líonra, a bhfuil an tOllamh Pádraig Cunningham ó Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD i gceannas air. Fuair an Bhraisle Anailíse Graf Clique agus Líonra €3.56 milliún de mhaoiniú ón SFI. Tháinig na ceisteanna a díríodh orthu díreach ón earnáil tionsclaíochta, agus is cuideachtaí dála IBM, Idiro agus Norkom a bhí ag lorg torthaí an taighde.

Rinneadh seasamh scolártha na foirne acadúla a aithint arís i mbliana. Ainmníodh an tOllamh Orla Feely ó Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD ina comhalta d'Institiúid Innealtóirí Leictreachais agus Leictreonaice na hÉireann (IEEE). Is é an IEEE an cumann teicniúil agus gairmiúil is mó ar domhan agus ba í an tOllamh Orla Feeley an chéad bhean a ainmníodh ina comhalta de. Ceapadh an tOllamh Tom Brazil ó Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD ina rúnaí ar Acadamh Ríoga na hÉireann.

Bronnadh an Bonn Donald ó Institiúid na nInnealtóirí Ceimiceacha ar an Ollamh Mohamed Al-Rubeai, mar aitheantas ar an pháirt a bhí aige i dtuiscint saothrán cille mamaigh agus in oideachas mac léinn san innealtóireacht bhithcheimiceach.

Ceapadh an tOllamh Lorraine Hanlon ina ceann ar an Scoil Fisice. Is í an chéad bhean í a ceapadh sa phost sin riamh in aon Scoil Fisice in Éirinn.

Cuireadh fóram ar fáil le linn lá nuálaíochta i mí an Mheithimh, rud a thug deis do chomhghleacaithe ó dhisciplíní acadúla éagsúla a gcuid taithí a roinnt i dtaca le maoin intleachtúil a mbaineann luach tráchtála i bhfoirm ceadúnais agus paitinní léi, chomh maith lena dtaithí i bhfiontair tráchtála a bhunú. Ba é an tOllamh Dieter Spath ó Institiúid Fraunhofer a thug an phríomhoráid.

### Tá Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD déanta suas de sheacht Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Nick Quirke
**An Príomhoide Ionaid:** An tOllamh Chen-Ching Liu
**Stiúrthóir na Scoile Chéimithe:** An tOllamh Padraig Dunne

**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:**
An tOllamh Brian Glennon
**An Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:**
An tOllamh Paddy Nixon

**Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Mark Richardson

**Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Don MacElroy

**Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Joe Carthy

**Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr David FitzPatrick

**Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Frank McDermott

**Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Seán Dineen

**Scoil na Fisice UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Lorraine Hanlon


**ó 1 Meán Fómhair ar aghaidh*











1. Mic léinn dara leibhéal ag Scoil Samhraidh Ailtireachta UCD, Meitheamh 2009

2. Ag Lá Nuálaíochta EMPS i Meitheamh 2009 (ó chlé): an tOll. Gerry Byrne; an tOll. Chen-Ching Liu; an tOll. Nick Quirke, Príomhoide an Choláiste; an tOll. Dieter Spath, Institiúid Fraunhofer; An Dr Redmond Shouldice, Biancamed; An Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; an Dr David Browne; An tUasal Michael Hayden, Uachtarán, Acadamh Innealtóireachta na hÉireann; agus an tOll. Michael Gilchrist, EMPS, Leas-uachtarán Taighde agus Nuálaíochta

3. An Dr Maurice Coyle agus an Dr Peter Briggs, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD agus comhbhunaitheoir HeyStaks, buaiteoir foriomlán SUSSED!, Comórtas Fiontraíochta €10,000 NovaUCD le linn mhí an Mheithimh 2009

4. Claire Waddell (BE), buaiteoir Scoláireacht thionscnamh Pat McAdam agus Bonn Óir EGA Helsinn 2009 don Innealtóireacht Cheimiceach

5. Mic léinn Innealtóireachta na chéad bliana i UCD ag comórtas droichid pasta UCD

# Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD

ucd.ie/humansciences

## Plean straitéiseach

Tá Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD tiomanta do shárthaithí foghlama atá bunaithe ar thaighde ceannródaíoch a sholáthar do mhic léinn. Tá an Coláiste déanta suas de phobal acadúil ilghnéitheach ilchumasach, atá tiomanta d'eolas a leathadh agus d'oideachas a thabhairt do shaoránaigh agus do cheannairí na todhchaí.

Áirítear le príomhthosaíochtaí an Choláiste le linn na bliana seo caite: feidhm oirbheartaíochta a bhaint as acmhainní trí chomhpháirtíochtaí agus trí chomhoibrithe straitéiseacha éifeachtacha trasollscoile agus idirinstitiúideacha, soláthar na máistreachta múinte a mhéadú, leanúint de na curaclaim PhD agus ceathrú leibhéil a mhéadú trí chláir ghairmiúla agus acadúla nuálacha a sholáthar, athbhreithniú agus éagsúlú ar straitéisí teagaisc ar mhaithe le sochar na mac léinn a uasmhéadú, taighde d'ardchaighdeán a bhfuil piarmheasúnú idirnáisiúnta déanta air a chothabháil, spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'iarratais ar mhaoiniú, maoiniú a ghintear go seachtrach do thaighde a mhéadú, ceannaireacht acadúil a spreagadh agus a choinneáil, agus éiteas saoránachta eiticiúil agus gníomhach a chur chun cinn i measc mic léinn.

Lean an Coláiste ag baint feidhme as a shaineolas acadúil chun páirt a ghlacadh agus chun dul i gcion ar phríomhdhíospóireachtaí náisiúnta na linne, idir Chonradh Liospóin agus an gheilleagar.

## Dul chun cinn go dtí seo

Bhí forbairtí móra ann i rith na bliana i dteagasc agus i bhfoghlaim fochéimithe, i Scoil Chéimithe an Choláiste, i dtaighde agus i bhfor-rochtain. Rinneadh feidhmiú na Scoileanna a éascú trí athshuíomh mór oifige i mí an Mheithimh d'fhonn baill foirne atá san aonad Scoile céanna a chur sa suíomh céanna.

Chonacthas feabhas suntasach in eispéireas na mac léinn de bharr an athchóirithe agus an athchumraithe a rinneadh ar spásanna foghlama i bhFoirgneamh Newman. Cuireadh athbhreithniú ar fheabhsú na modúl tríd an gColáiste ar fad i gcrích. Déanfaidh an cleachtadh suntasach sin dul chun cinn foghlama an chórais mhodúlaigh a dhaingniú níos mó.

Léirigh tionscnaimh na Scoile Céimithe tiomantas na Scoile d'oideachas nuálach iarchéime, agus áiríodh leo sin cur i ngníomh clár píolótach i gcomhair dearbhaithe cáilíochta agus forbartha i gcláir mhúinte iarchéime; leithdháileadh trí chomórtas dámhachtana de €10,000 don Chiste Nuálaíochta agus Taighde Iarchéime; breisfhairsingiú ar an siollabas modúlach PhD a chuirtear ar fáil i gcomhpháirt leis an gColáiste Gnó agus Dlí UCD; agus an clár scileanna inaistrithe a fhairsingiú.

Bhí an Coláiste mar bhall de chomhpháirtíocht idirnáisiúnta ar bhronn an Fhondúireacht MacArthur deontas US $900,000 (neasluach €610,000) uirthi, d'fhonn Máistreacht i gCleachtas Forbartha (MDP) a bhunú. Déanfaidh UCD agus TCD a gcuid teagaisc i bhforbairt idirnáisiúnta a chomhtháthú agus rachaidh siad i gcomhpháirt le hOllscoil Rwanda chun oiliúint allamuigh agus obair chúrsa sa chaomhantas agus san fhorbairt inbhuanaithe a thairiscint. Is í an Mháistreacht Dhomhanda i Rúnaíocht Chleachtas Forbartha (arna thacú ag MacArthur agus atá bunaithe in Institiúid an Domhain in Ollscoil Columbia), a dhéanfaidh an bainistiú ar na hollscoileanna atá ag tairiscint na Máistreachta i gCleachtas Forbartha.

Ceapadh bainisteoir tionscadail taighde d'fhonn tacú le haidhm an Choláiste i leith iarratas ar mhaoiniú seachtrach do thaighde a mhéadú. Ó 1 Deireadh Fómhair 2008 go dtí 30 Meitheamh 2009, cuireadh isteach tograí ar mhaoiniú os cionn €11.3 milliún. Chuir an Coláiste 289 foilseachán ar fáil, lena n-áirítear leabhair, caibidil, irisí a ndearnadh piarmheasúnú orthu agus irisí eile, foilseacháin chomhdhálacha agus foilseacháin eile.

Reáchtáil an Coláiste raon léachtaí agus seimineár le linn na bliana le hacadóirí tábhachtacha a tháinig ar cuairt, agus ghlac foireann an Choláiste páirt i raon leathan comhdhálacha idirnáisiúnta. Thug an Coláiste maoiniú do chomhdhálacha idirnáisiúnta a d'eagraigh foireann an Choláiste. D'fhreagair an Coláiste don ghéarchéim gheilleagrach trí urraíocht a dhéanamh ar chomhdháil i mí Eanáir 2009. Ghlac príomh-eacnamaithe páirt shuntasach in anailísiú na géarchéime agus i bhforbairt dearcadh a fhéachann amach romhainn, faoi conas is ceart d'Éirinn gabháil d'athshlánú geilleagrach na tíre. Rinne na meáin tuairisciú chuimsitheach ar an gcomhdháil.

### Tá Coláiste na nEolaíochtaí Beatha déanta suas de dheich Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Brigid Laffan
**An Príomhoide Ionaid:** An tOllamh Bairbre Redmond
**Stiúrthóir na Scoile Céimithe:** An tOllamh Ben Tonra

**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:**
An tOllamh Bairbre Redmond
**An Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:**
An tOllamh Richard Sinnott

**Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Tony Fahey

**Scoil na hEacnamaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Rodney Thom

**Scoil an Oideachais is Foghlaim feadh Saoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Marie Clarke

**Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Alun Jones

**Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Ian Cornelius

**Scoil na Fealsúnachta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr. Brian O'Connor

**Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh John Coakley

**Scoil na Síceolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Barbara Dooley

**Scoil na Córa Sóisialta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tUasal John Baker

**Scoil na Socheolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Aogán Mulcahy

**ó 1 Meán Fómhair 2008 ar aghaidh*



1




2



3



4

1. Ag seoladh *Ireland and the European Union* le Brigid Laffan agus Jane O'Mahony i mí na Nollag 2008 bhí (ó chlé): an tOll. Brigid Laffan, Príomhoide an Choláiste; an Taoiseach Brian Cowen TD; an Dr Jane O'Mahony; agus an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD

2. I mí Aibreáin 2009, bronnadh Céim Onórach Dhochtúireachta sa Dlí ó UCD ar Javier Solana, Ardionadaí an AE ar an Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála agus Ard-Rúnaí Chomhairle and AE. Tar éis shearmanas an bhronnta, thug an Dr Solana léacht speisialta dar teideal *Together We Are Stronger*. Rinne Institiúid Eorpach Bhaile Átha Cliath óstáil ar an ócáid i Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD

3. Taispeánta ag seoladh an chláir nua taighde *John Henry Newman: Global and Local Theologian* i mí Eanáir 2009 bhí (ó chlé): an Dr Pádraic Conway, Stiúrthóir Ionad Idirnáisiúnta UCD don Léann Newman; an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; an Dr Jimmy Devins TD, Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta; agus an Dr Maurice Bric, Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD agus Cathaoir Chomhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta

4. Taispeánta ag léacht Choláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD *What is Europe For?* i mí na Samhna 2008 bhí (ó chlé): an tOll. Daniel Thomas, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD; An Dr Alexander Stubb, Aire Eachtrach na Fionlainne; an tOll. Brigid Laffan, Príomhoide an Choláiste; agus Micheál Martin TD, Aire Gnóthaí Eachtracha

5. Jeffrey Donaldson MP Ro-Onórach, MLA, ag caint ag Comhdháil Bhliantúil Institiúid Léann na Breataine-na hÉireann, *Protestant Traditions and the Paths to Peace: Beyond the Legacies of Plantation* i mí Aibreáin 2009


6. An Dr Jonathan Turner, Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD, ag úsáid an scoth-scanóir croíleacáin ITRAX XRF, an t-aon uirlis dá leithéid in Éirinn agus ceann den bheagán san Eoraip, a ligfidh d'anailís shonrach ar dhríodar agus croíleacáin eile

7. Ag seoladh *Famine: A Short History* le Cormac Ó Gráda bhí an tOll. Cormac Ó Gráda le hiar-Uachtarán na hÉireann Máire Nic Róibín


5




6



7



# Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD

ucd.ie/lifesciences

## Plean straitéiseach

Tá Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD tiomanta do shárthorthaí taighde agus oideachasúla a chothabháil. Le linn thréimhse na Tuarascála, neartaíodh foireann an Choláiste agus cuireadh struchtúir láidre fhisiceacha agus thacaíochta i bhfeidhm ionas go mbeadh an Coláiste in ann leas a bhaint as deiseanna oideachasúla agus taighde sa todhchaí.

Áirítear le spriocanna straitéiseacha taighde an Choláiste ioncam mór do thaighde, ciste d'fhorbairt taighde a bhunú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar an taighde atá próifílithe ag taighdeoirí idirnáisiúnta a earcaíodh go straitéiseach i ndisciplíní roghnaithe. Tá an Coláiste tar éis béim ar leith a leagan ar bheartas nuálaíochta a cheapadh, chomh maith le hiarracht a dhéanamh ar idirghníomhaíocht tionsclaíochta a fheabhsú.

## Dul chun cinn go dtí seo

Dhírigh an Scoil Chéimithe ar phunann de chláir mhúinte a fhorbairt d'fhonn cur leis na cláir iarchéime taighde atá sa Scoil cheana féin.

Rinne Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD tairiscintí oideachais na Scoile a mhéadú trí thrí cinn de chláir fhochéimithe a thabhairt isteach – Baitsiléir Eolaíochta i gCothú Daonna, Baitsiléir Eolaíocht Talmhaíochta i nGnó Déirí, Baitsiléir Eolaíochta in Altranas Tréidliachta – agus trí shlí iontrála do chéimithe a chruthú don Bhaitsiléir i Leigheas Tréidliachta (MVB).

Rinne Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, céim nua Iontrála sa Leigheas do Chéimithe a sheoladh i mí Meán Fómhair, le háiteanna do 40 mac léinn ar an gcúrsa.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal measúnaithe a tosaíodh i 2007/08. Is éard is aidhm don tionscadal measúnaithe modhanna measúnaithe a fhorbairt a chuireann foghlaim na mac léinn chun cinn agus a úsáideann am na foirne ar bhealach éifeachtach. Rinneadh an cleachtas reatha a iniúchadh i gceann amháin de phríomh-chéimeanna gach Scoile faoi na ceannteidil seo a leanas: comhfhogasú spriocanna foghlama na gclár agus na modhanna múinte leis na measúnaithe a úsáidtear; critéir mharcála, aiseolas; ró-ualú measúnaithe; agus meastóireacht ar an measúnú ag leibhéil na gclár. Rinneadh pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun: measúnú/aiseolas múnlaitheach a thabhairt isteach go córasach; díriú ar ró-ualú measúnaithe don fhoireann agus do na mic léinn; agus measúnú ag leibhéil na gclár a mheas. Táthar tar éis tús a chur leis an tionscadal a thabhairt isteach i gColáistí eile.

Rinneadh dhá chúrsa teastais nua do chéimithe i dTeicneolaíochtaí Glasa agus i dTalmhaíocht Inbhuanaithe a thairiscint faoi Chlár Gníomhachtaithe Lucht Saothair an Údaráis um Ardoideachas (HEA). Líonadh na háiteanna ar an gcúrsa laistigh de choicís ón am a luadh na tairiscintí. Mar fhreagra ar an laghdú i maoiniú a bhí ar fáil do mhic léinn a bhí ag iarraidh cláir iarchéime in Altranas agus Radagrafaíocht a dhéanamh, baineadh feidhm as struchtúir mhodúlacha na gclár chun sraith de roghanna teastais gairmiúla agus iarchéime a sholáthar, a thug an deis do chéimithe a gcuid cáilíochtaí a fhorbairt ar bhealach solúbtha.

Cé gur méadaíodh ar an ioncam do thaighde ó €56 milliún anuraidh go dtí €63 milliún i mbliana, thit luach na gconarthaí nua taighde a síníodh i rith na bliana 20%. Leag sé sin béim ar na dúshláin mhóra a bhaineann le maoiniú a chothabháil do thaighde sa timpeallacht gheilleagrach atá ann i láthair na huaire. Leagadh níos mó béime ar mhaoiniú ón AE agus ó earnáil na tionsclaíochta i rith na bliana.

Fuair Institiúid Bia agus Sláinte UCD €8.4 milliún ó Ionad Taighde Náisiúnta an Bhia Fheidhmigh. Tá 27 eolaí, 55 comhalta iardhochtúireachta agus 150 mac léinn iarchéime ag obair le chéile don Institiúid, d'fhonn tuiscint eolaíochta níos fearr a fhorbairt i leith an ghaoil atá idir bia agus an tsláinte.

Bhí an tOllamh William Gallagher i gceannas ar iarratas ar thacaíocht ó chlár imeachtaí Shraith Chomhdhálacha EMBO (An Eagraíocht Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach). D'éirigh leis an iarratas agus fuarthas tacaíocht i gcomhair na comhdhála *Cancer Proteomics 2009 – Mechanistic Insights, Technological Advances and Molecular Medicine*. Mheall an chomhdháil go leor cainteoirí idirnáisiúnta.

Rinne An tOllamh Dominic Walsh agus eolaithe néarchórais Éireannacha an chéad Bhanc Inchinne in Éirinn – Banc Inchinne Bhaile Átha Cliath a sheoladh. Is éard is aidhm don Bhanc Inchinne taighde néarchórais a chur chun cinn. Ceaptar gur saoráid náisiúnta a bheidh sa Bhanc Inchinne laistigh de thrí bliana, agus go mbeidh sé ina pháirt de líonra banc inchinne na hEorpa. Foilsíodh páipéir a scríobh baill foirne ó roinnt Scoileanna in irisí tábhachtacha dála *Nature*, *Science* agus *PNAS* (iris oifigiúil de chuid Acadamh Náisiúnta Eolaíochtaí na Stát Aontaithe).

### Tá Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD déanta suas d'ocht Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Maurice Boland
**Stiúrthóir na Scoile Céimithe:** An Dr Clare O'Connor
**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** An tOllamh Alan Keenan
**An Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An tOllamh James Roche

**Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Shane Ward

**Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Gethin McBean

**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh William Powderly

**Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Cecily Kelleher

**Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Tom Bolger

**Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD**
*Ceann na Scoile*
An tOllamh Earle Waghorne

**Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Michelle Butler

**Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD**
*Ceann na Scoile*
An Dr Brian Caulfield

**ó 1 Meán Fómhair 2008 ar aghaidh*



1



2



3

1. Trevor Sargent TD, Aire Bia agus Gairneoireachta, agus an tOll. Mike Gibney, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta, ag seoladh Institiúid Bia agus Sláinte UCD i mí na Nollag 2008

2. Pailé-ointeolaí UCD Nizar Ibrahim ar shluaíocht sa Sahára i mí na Samhna 2008. Nochtaigh an fhoireann ar a raibh sé i gceannas na céadta iontaisí, lena n-áirítear iontaise a mheastar gur speiceas nua dineasáir é agus ainmhí díofa eile

3. Ag seoladh an chláir céime nua BAgrSc sa Ghnó Déiríochta i mí an Mhárta 2009 bhí (ó chlé): Padraig Walshe, Uachtarán an IFA; an tOll. Maurice Boland, Príomhoide an Choláiste; an Dr Karina Pierce, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD; agus an tOll. Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc

4. Ag oscailt oifigiúil na chéad chéime d'Ionad Eolaíochta nua UCD bhí (ó chlé): an Dr Paul Evans, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD; an Dr Andrew Phillips, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD /Léachtóir Stokes Fhondúireacht Eolaíochta Éireann; agus an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD

5. Taispeánta ag an síniú oifigiúil ag Farmleigh i mí Iúil 2009 de chomhaontas idir UCD agus Ollscoil Uladh maidir le Comhtheastas Iarchéime Thuaidh-Theas sa tSláinte Phoiblí Tréidliachta bhí (ó chlé): An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe i dTuaisceart na hÉireann, Michelle Gildernew MP, MLA; an tOll. Hugh McKenna, Déan Dhámh na hEolaíochta Beatha agus Sláinte, Ollscoil Uladh; an Dr Philip Nolan, Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir, UCD; agus Brendan Smith TD, Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia in Éirinn

6. Ag seoladh an chéad staidéir uile-oileáin maidir le sláinte an Lucht Siúil, i mí Dheireadh Fómhair 2008 (ó chlé): An Dr Philip Crowley, Príomhoifigeach Cúnta Leighis, An Roinn Sláinte agus Leanaí; Jill Turner, Stiúrthóir Tionscadail, UCD; An tAire Sláinte agus Leanaí Mary Harney TD; Brigid Quirke, Leas-Stiúrthóir Tionscadail, UCD; Missie Collins, Oibrí Cúraim Sláinte Phoiblí, Pavee Point; Mary Brigid Collins, Comhordaitheoir le haghaidh Piar-Thaighdeoirí; Claire Kelly, Taighdeoir Tionscadail, UCD; agus an tOllamh Cecily Kelleher, Ceann Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD, atá ag stiúradh an tionscadail

7. Comhaltaí taighde an Dr Claire Belcher agus an Dr Matthew Haworth i seomraí saotharlainne PEAC (Programme for Experimental Atmospheres and Climate) de chuid UCD, an seomra nuabhunaithe plandaí ag Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, arna mhaoiniú ag Deontas Barr Feabhais Marie Curie



4



5



6



7

## Struchtúr na hOllscoile

www.ucd.ie/president/smt/

### An tÚdarás Rialaithe

### An Chomhairle Acadúil

### An Fhoireann Ardbhainistíochta

- An tUachtarán
- Cláraitheoir/ Leas-Uachtarán
- Sparánaí
- Feidhmeannas Ardbhainsitíochta

### Coláistí Acadúla

- Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD
- Coláiste Gnó agus Dlí UCD
- Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaiticie agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD
- Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD
- Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD

### Aonaid Riaracháin agus Tacaíochta

- Foirgnimh agus Seirbhísí
- Oifig an Sparánaí (Airgeadas)
- Caidrimh Ollscoile
- Forbairt agus Caidreamh Alumni
- Acmhainní Daonna
- Seirbhísí TF
- An Chlárlann
- Seirbhísí do Mhic Léinn
- An Leabharlann
- Taighde UCD
- Nova UCD

### Mórinstitiúidí Taighde

- Institiúid Conway don Taighde Bithmhóilíneach agus Bithleighis UCD
- Institiúid Geary UCD
- Institiúid Uirbeach Éireann UCD
- Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD
- Institiúid Bia agus Sláinte UCD

### Boird Cláir Acadúla

**Fochéime**

- Agraibhia, Cothú agus Eolaíochtaí Comhshaoil
- Ailtireacht agus Ailtireachta Tídrheachaithe
- Ealaíona
- Gnó
- Innealtóireacht
- Dlí
- Leigheas agus Eolaíochtaí Sláinte
- Altranas agus Cnáimhseachas
- Eolaíocht
- Eolaíocht Shóisialta
- Leigheas Tréidliachta

**Iarchéime**

- Ealaíona agus Léann Ceilteach
- Gnó
- Innealtóireacht, Matamaitic agus Eolaíochtaí Fisiciúla
- Eolaíochtaí Daonna
- Dlí
- Eolaíochtaí Beatha



3

# BARR FEABHAIS A BHAINT AMACH SA TEAGASC AGUS SAN FHOGHLAIM

Is féidir le UCD bheith mórálach as a bhfuil bainte amach aige go dtí seo i gcur i bhfeidhm an leasaithe ar an gcuraclam arna leagan amach i *bPlean Straitéiseach UCD 2005–2008*. Tá curaclam modúlaithe *UCD Horizons* anois ar a bhonnaibh, ag soláthar eispéireas foghlama saibhir dár mic léinn.

Ag teacht leis an iarracht atá ar bun ar bhonn náisiúnta an líon daoine san ardoideachas a mhéadú, tháinig méadú 4% ar líon na mac léinn i UCD sa tréimhse 2008/09, agus d'ardaigh céad roghanna CAO faoi isteach is amach le 6%. Tá an grúpa is mó agus is ilchineálaí mac léinn in Éirinn ag an ollscoil.

## AN CLÁR


| | |
|---|---|
| Líon na Mac Léinn | **18** |
| *UCD Horizons* | **20** |
| Earcaíocht Mac Léinn agus Cláir Nua | **20** |
| An Ceathrú Leibhéal | **21** |
| Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil | **21** |
| Idirnáisiúnú | **21** |
| Teagasc agus Foghlaim, agus Forbairt Acadúil | **22** |
| Cáilíocht | **22** |

# Líon na Mac Léinn

## Líon na mac léinn – 2008/09

I dtimpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ina bhfuil gá go mbeadh an rannpháirtíocht san ardoideachas ag méadú ar mhaithe le forbairt eacnamaíochta agus comhtháthú sóisialta, mhéadaigh líon na mac léinn i UCD faoi nach mór 4% idir 2007/2008 agus 2008/09 agus anois is ann atá an grúpa mac léinn is líonmhaire agus is ilchineálaí in Éirinn san earnáil seo. I dTábla 1 tá roinnt staitisticí maidir leis na mic léinn.

Cé gurb í ilchineálacht na mac léinn láidreacht na hollscoile i gcónaí, tá feidhm anois ag iarrachtaí straitéiseacha eile – léann ag leibhéal an chéimithe a fhás níos mó agus idirnáisiúnú a dhéanamh ar an gcampas. Mar chéatadán den líon iomlán mac léinn, tá líon na mac léinn idirnáisiúnta ag ardú, mar a raibh breis is 18% den iomlán ina mic léinn idirnáisiúnta sa tréimhse 2008/09. Mhéadaigh líon na mac léinn malairte faoi 21% ón mbliain roimh ré ag an leibhéal fochéime.

Is díol suntais é fás líon na mac léinn ag an leibhéal PhD agus máistreachta múinte (féach Tábla 2). De réir mar a bheidh oideachas céime agus oideachas ar feadh an tsaoil ina *sine qua non* ag an téarnamh inbhuanaithe náisiúnta, féadfaidh UCD a mhaíomh go raibh an fócas straitéiseach ar oideachas ceathrú leibhéal i *bPlean Straitéiseach UCD 2005–2008* ina bhealach inar leagadh an bhunchloch don fhorbairt. Mhéadaigh mic léinn dochtúireachta UCD faoi nach mór 10% in aon bhliain amháin. Léiríonn méadú de 16% i measc na mac léinn ar mháistreachtaí múinte go bhfuil sé de chumas ag an ollscoil mic léinn a mhealladh leis an eolas ón bhfochéim agus an fhoghlaim ón taithí a fhorbairt, a fheabhsú nó a athdhíriú. Díol suntais eile ná an fás de bhreis is 7% ar líon na mac léinn ag iarraidh cáilíochtaí teastais agus dioplóma a bhaint amach ag an leibhéal fochéime. Léiríonn an treocht seo – agus cumas UCD freastal ar mhianta na mac léinn seo – freagra dearfach ar an tosaíocht náisiúnta atá ag dul i méid a thugtar don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

**Tábla 1: Líon na Mac Léinn Fochéime – 2008/09**

| Fochéimithe | Lán-aim. | Páirt-aim. | Iomlán | % Idirnáisiúnta | % Rochtain | Iomlán ar Bronnadh Céim orthu i 2008/09 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Céim Onórach | 13,415 | 507 | 13,922 | 10.4 | 14.4 | 4,005 |
| Teastas/Dioplóma | 167 | 1,483 | 1,650 | 7.4 | 47.0 | 980 |
| Mic Léinn Malairte | 567 | 0 | 567 | 100 | | N/A |
| Ócáideach | | 570 | 313 | 883 | 65.7 | N/A |
| **Iomlán na bhFochéimithe** | **14,719** | **2,303** | **17,022** | **15.9** | **17.8** | **4,985** |

**Tábla 2: Líonn na Mac Léinn Iarchéime – 2008/09**

| Iarchéimithe | Lán-aim. | Páirt-aim. | Iomlán | % Idirnáisiúnta* | Iomlán ar Bronnadh Céim orthu i** 2008/09 |
|---|---|---|---|---|---|
| PhD | 1,513 | 171 | 1,684 | 37.4 | 255 |
| Máistreacht (Taighde) | 271 | 56 | 327 | 30.0 | 91 |
| Máistreacht (Mhúinte) | 1,654 | 1,188 | 2,842 | 22.6 | 1,756 |
| Teastas/Dioplóma | 522 | 622 | 1,144 | 11.7 | 867 |
| **Iomlán na nIarchéimithe** | **3,960** | **2,037** | **5,997** | **24.8** | **2,969** |
| **Iomlán san Ollscoil** | **18,679** | **4,340** | **23,019** | **4,200** | **7,954** |

*Nóta eolais: Cuireann UCD roinnt clár ar fáil lasmuigh den champas; níl siadsan san áireamh sna figiúir thuas. Déantar mic léinn ar chláir rochtana a thaifeadadh ag an leibhéal fochéime amháin agus áiríonn siad Mic Léinn Lánfhásta, New Era agus mic léinn faoi mhíchumas.*
** An sainmhíniú ar idirnáisiúnta ná mic léinn a chónaíonn lasmuigh de Phoblacht na hÉireann de ghnáth. Áiríonn an figiúr seo na mic léinn ar chláir Mhalairte, JYA agus ar chláir ócáideacha eile.*
*** Léiríonn na figiúir na mic léinn sin ar bronnadh céim orthu idir na dátaí 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2008.*















1. Mac léinn iarchéime de chuid UCD Laura Battie le dalta iar-bhunscoile Ríona Walsh le linn an UniLife Science School. D'fhreastail na céadta mac léinn ón gcúigiú bliain ar chlár UCD Unilife i mí an Mheithimh 2009, mar ar tugadh an deis do mhic léinn taithí phraiticiúil a fháil ar Eolaíocht, ar Thalmhaíocht, ar Agraibhia & Cothú nó Dlí

2. Buaiteoirí Ghradaim Teagaisc an Choláiste 2008/09: an Dr Suzanne Guerin, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna; an tOllamh Michael Gilchrist, Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na Eolaíochtaí Fisiciúla; An Dr Anne Drummond, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna; An Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; An Dr Donna Marshall, Coláiste Gnó agus Dlí; An tUasal Brian Mulkeen, Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na Eolaíochtaí Fisiciúla; An Dr Tara Magdalinski, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna

3. I mí Iúil, bhí an deis ag mic léinn nua iad féin a ullmhú dá saol san ollscoil trí mheán UCD Open House, an chéad imeacht dá chineál in earnáil ollscolaíochta na hÉireann. D'fhreastail iarratasóirí CAO, a dtuismitheoirí agus a dteaghlaigh ar sheisiún oscailte eolais. Sa ghrianghraf tá Alwyn Duffy, Olwyn Downey, Katie Power agus Jenny O'Doherty, a thosaigh i UCD i mí Mheán Fómhair 2009

4. Grúpa mac léinn ón Tansáin atá ag staidéar réimse disciplíní ag UCD, arna maoiniú trí mheán Deontais ón ÚAO/Cúnamh Éireann ag casadh leis an Uasal Mizengo Peter Pinda (MP), Príomh-Aire Phoblacht Aontaithe na Tansáine (cúigiú duine ó chlé, ar cúl) agus an tOllamh Jim Phelan, Déan le Talmhaíocht (an dara duine ó dheas, ar cúl), le linn chuairt an Uasail Pinda ar UCD i mí Feabhra 2009

5. Edna O'Brien, úrscéalaí agus drámadóir cáiliúil, Ollamh Cúnta na Scríbhneoireachta Cruthaithí ag Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Sannánaíochta UCD, ag tabhairt cuairte ar UCD Special Collections i mí na Samhna, bailiúchán a ghnóthaigh a páipéir liteartha sa bhliain 2006

6. Mar chuid d'iarrachtaí leanúnacha UCD feabhas a chur ar shaoráidí teagaisc, rinneadh athchóiriú ar an teicneolaíocht teagaisc i ngach téatar léachtóireachta i bhfoirgneamh Newman UCD chun tacú leis na bogearraí is déanaí sna meáin nua agus sa teagasc ar líne

7. Tá An Breitheamh Nial Fennelly ón gCúirt Uachtarach tosaithe le Scoil Dlí UCD mar Bhreitheamh Cónaitheach. Sa ghrianghraf (ó chlé): An tOllamh Paul O'Connor, Stiúrthóir na gCaidreamh Seachtrach, Scoil Dlí UCD; An tUasal Fennelly agus an tOllamh John Jackson, Déan, Scoil Dlí UCD

## UCD Horizons

Leis an méid atá bainte amach go dtí seo is féidir leis an ollscoil tosú ag breathnú ar an gcaoi le hathbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na cuspóirí uaillmhianacha a bhí i *bPlean Straitéiseach UCD 2005–2008*:

- Curaclam modúlaithe seimeastraithe a chur i bhfeidhm agus leasú ar an gcuraclam a thiomáint ag leibhéal an mhodúil agus an chláir;
- Díriú ar shainiú an chroíchuraclaim agus ar na torthaí foghlama;
- Saibhriú ar eispéireas foghlama na mac léinn trí chúrsaí roghnacha UCD Horizons a sholáthar.

Cé go dtuigtear go bhfuil an-chuid oibre fós le déanamh, tá an curaclam modúlaithe curtha i bhfeidhm ag UCD anois ag na leibhéil fochéime agus iarchéime. Tá an ollscoil mórálach as an dul chun cinn nach beag atá déanta chun éascú a dhéanamh sholúbthacht agus ar rogha do mhic léinn, agus ar chur chuige níos cothroime maidir le measúnú mar ghníomh riachtanach acadúil leanúnach le linn na bliana. Tá mic léinn UCD anois lánfhreagrach as a gclár féin ar líne ar a gcuraclam, le conairí acadúla sainithe níos soiléire anois, agus torthaí foghlama i bhfeidhm ag leibhéil an mhodúil agus an chláir araon. Sa tréimhse 2008/09, d'éirigh leis an seoladh a rinne Seirbhísí TF agus Clárlann UCD ar chóras bainistithe nua gréasánbhunaithe, ag cuimsiú sonraí uile na modúl agus na gclár ar chóras níos stuama agus níos éasca don mhac léinn a úsáid. Tharla dul chun cinn maith i mbliana freisin i dtabhairt chun míneadais an próiseas mar a ndéantar gráid acadúla na mac léinn a thaifeadadh agus a scaipeadh ar na mic léinn.

I dTábla 3 tá léiriú ar roinnt de na príomhstaitisticí maidir le chur i bhfeidhm an churaclaim mhodúlaithe. Tá an méid seo a leanas le tuiscint ó anailís luath a rinneadh ar na treochtaí ginearálta a bhaineann le roghnú na gclár roghnach i *UCD Horizons* – ag an tús sa bhliain acadúil 2006/07 bhí an-tóir ag na mic léinn ar mhodúil lasmuigh dá réimse féin, ach tá siad anois ag socrú ar roghanna níos cothromaithe, inbhuanaithe, le díreach faoi bhun leath de na mic léinn ag roghnú cur lena gcroí-dhisciplín le modúil lasmuigh dá réimsí féin (dá dtagraítear 'lasmuigh den Choláiste' i dTábla 3).

Sa bhliain acadúil 2009/10 beidh fócas straitéiseach ar mheastóireacht na mac léinn ar phunann mhodúlach, lena n-áirítear soláthar do chláir roghnacha, de réir mar a thosóidh an ollscoil ag meas an tionchair a bheadh ag curaclam modúlaithe ar fhorbairt acadúil agus iomlánaíoch na mac léinn.

**Tábla 3: Cur i bhfeidhm an churaclaim mhodúlaithe**

| Gach mac léinn | 2006/07 | | 2007/08 | | 2008/09 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Rannóg 1: Clár ar Líne** | | | | | | |
| Rátáil Fhoriomlán Sástachta | 48% | | 78% | | 87% | |
| **Rannóg 2: Roghnú na gClár Roghnach** | | | | | | |
| **Coláiste** | **Modúil roghnacha tógadh** | **% ó lasmuigh den Choláiste** | **Modúil roghnacha tógadh** | **% ó lasmuigh den Choláiste** | **Modúil roghnacha tógadh** | **% ó lasmuigh den Choláiste** |
| Gnó agus Dlí | 2,126 | 84% | 3,255 | 57% | 3,212 | 61% |
| Béarla, Mata agus na hEolaíochtaí Fisiciúla | 2,632 | 55% | 3,909 | 62% | 3,884 | 52% |
| Eolaíochtaí Daonna | 362 | 44% | 653 | 39% | 668 | 51% |
| Eolaíochtaí Beatha | 3,821 | 85% | 4,912 | 45% | 5,195 | 41% |
| Ealaíona agus Léann Ceilteach | 2,963 | 20% | 5,944 | 19% | 6,167 | 28% |
| **Iomlán** | **11,904** | **61%** | **18,673** | **42%** | **19,126** | **43%** |

## Earcaíocht Mac Léinn agus Cláir Nua

Bhí toradh maith ar iarrachtaí UCD mic léinn nua a earcú le linn 2008/09 ag iontrálacha 2009. Choinnigh an ollscoil a háit náisiúnta ag an mbarr maidir le céad roghanna iontrálacha do staidéar fochéime: d'ardaigh céad roghanna CAO 2009 le haghaidh UCD faoi isteach is amach le 6% i gcomparáid le hiontrálacha 2008. Bhí feabhas tagtha ar cháilíocht na n-iontrálacha chomh maith, mar gur ardaigh na pointí íosta iontrála ar fud 44 de na 86 conair iontrála CAO i mBabhta 1 de na tairiscintí CAO. Ar cheann de na méaduithe suntasacha san Eolaíocht (iontráil omnibus) d'ardaigh na pointí faoi 85 go dtí 385.

Lean an curaclam modúlaithe de ag tairiscint teaglama de chláir nua do mhic léinn, ullamh d'iontráil 2009. Tosaíodh cláir fochéime nua sa Bhéarla agus sa Drámaíocht (BA), Ealaíona (Idirnáisiúnta) le Nua-Theangacha (BA), Gnó Déiríochta (BAgrSc) agus Altranas Tréidliachta (BSc), ag tabhairt le chéile saineolas ó ábhair éagsúla ar bhealach solúbtha a théann i ngleic le riachtanais acadúla agus riachtanais a bhaineann leis an ngeilleagar náisiúnta.

Ag aithint an ghá straitéisigh atá ann athbhreithniú leanúnach a dhéanamh agus feabhas a chur ar cháilíocht na gclár atá ar fáil, sa tréimhse 2008/09 chuir an ollscoil ar bun polasaí agus próiseas níos cuíchóirithe, stuama don fhaomhadh acadúil ar chláir nua agus athbhreithniú leanúnach ar cháilíocht na gclár atá ann faoi láthair.

## An Ceathrú Leibhéal

Áirítear i gCeathrú Leibhéal UCD idir chláir iarchéime mhúinte agus chláir thaighde. Sa bhliain acadúil 2008/09 tharla dul chun cinn sa bhreis ar na torthaí ar athbhreithniú struchtúrtha ar phunann den athbhreithniú struchtúrtha agus ar thiomsú an dea-chleachtais atá ann faoi láthair. Sa bhliain atá romhainn bunófar tionscnaimh chumasúcháin a bheidh ina mbonn agus taca ag fás agus forbairt an oideachais iarchéime ag teacht le *Straitéis Oideachais UCD 2009–14*.

Le linn na bliana, rineadh athbhreithniú ar na struchtúir atá ann faoi láthair i gcláir iarchéime mhúinte UCD chun clár a phleanáil ag leibhéal na máistreachta. An aidhm atá leis an athbhreithniú seo ná breithniú a dhéanmh ar bhealaí solúbtha nuálaíochta tabhairt faoin ngnímhaíocht PhD agus creat a sholáthar inar féidir le mic léinn fás – ag ailíniú na punainne athbhreithniúcháin, pleanáil clárúcháin, idirnáisiúnta agus margaíocht na glcár múinte iarchéime.

Faoi scáth Chomhghuaillíocht Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath (CARBÁC) arna mhaoiniú ag an ÚAO – CNS, cuirfear i bhfeidhm go hiomlán meamram tuisceana don chomhoibriú idir-institiúideach ar sholáthar modúl, ar ghluaiseacht na mac léinn iarchéime agus ar mhalartú creidmheasa sa bhliain 2009/10. Tá an comhaontú seo ina chéim ríthábhachtach i ndéanamh foirmiúil na comhoibriúcháin riachtanacha ionas go mbeadh gluaiseacht na mac léinn ina réaltacht ar fud Bhaile Átha Cliath.

Leag UCD béim ar a chumas é féin a chur in oiriúint do riachtanais na mac léinn a bhíonn i mbun na foghlama ar feadh an tsaoil ag an leibhéal iarchéime trí mhaoiniú iomaíoch rialtais a dhaingniú le haghaidh 190 áit faoi Scéim Gníomhaíochtaithe an Mhargaidh Saothair. Rinneadh maoiniú ar 30 clár creidmheasa iarchéime – Fiontraíocht: Dare to Venture; Scileanna TFC (Foghlaim Idirbheartaithe); Eolaíochtaí Nanai-Bhitheacha; Teicneolaíochtaí Glasa; agus Talmhaíocht Inbhuanaithe agus Forbairt Tuaithe – agus líonadh na háiteanna uile. Bhí Iarchéime faoi deara an-éileamh ar áiteanna don chlár nuálaíoch sna Teicneolaíochtaí Glasa, ag léiriú an ghaoil idir saineolas UCD agus an straitéis náisiúnta d'fhás eacnamaíochta agus scileanna.

## Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil

Tá forbairt bhreise á dhéanamh ag UCD ar a chur chuige straitéiseach ar rannpháirtíocht a leathnú, chun fócas agus dlús athnuaite a thabhairt do phríomhshruthú na rochtana ar an oideachas. Le tacaíocht ó Chiste Nuálaíochta Straitéiseach (CNS) an ÚAO, bunaíodh aonad comhtháite Rochtana agus Foghlama ar Feadh an tSaoil chun gach snáithe den rochtain agus den ghníomhaíocht leanúnach oideachais a thabhairt le chéile, lena n-áirítear an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, New ERA, Ionad Oideachais do Dhaoine Fásta, agus Tacaíocht do Mhic Léinn Lánfhásta. An chloch choirnéil ag an gcur chuige comhtháite seo ná tógáil ar an taithí go dtí seo chun éascú a dhéanamh ar phríomhshruthú na saincheisteanna rochtana i ngníomhaíochtaí, polasaithe agus cleachtas na hollscoile.

Beidh straitéis na hollscoile le haghaidh rochtana agus na foghlama ar feadh an tsaoil suite i gcomhthéacs an *National Plan for Equity of Access to Higher Education, 2008–2013*, chomh maith leis an mheathlaithe eacnamaíochta. Tá sé ríthábhachtach anois níos mó ná mar a bhí riamh roimhe seo go ndéanfaí forbairt ar chreat straitéiseach chun treorú agus múnlú a dhéanamh ar chur chuige na hollscoile i bhfreastal ar riachtanais ardoideachais na ngrúpaí tearc-ionadaithe mac léinn. Bhí 2008/09 ina tréimhse inar lean UCD ag cuidiú le raon leathan mac léinn le rochtain a fháil ar an ardoideachas: bronnadh céimeanna ar 79 mac léinn trí mheán na scéime *HEAR* (Higher Education Access Route) ag deireadh na bliana, agus an t-iomlán anois ag 504 de mhic léinn ar bronnadh céim orthu ó tugadh isteach an scéim sa bhliain 2000. D'fhoilsigh UCD New ERA tuarascáil eile – *A Profile of HEAR Schools 2008,* i gcomhar le hInstitiúid Geary UCD. Tugadh aitheantas do bharr feabhais i seirbhísí do mhic léinn go háirithe trí bhronnadh Ghradam an Uachtaráin 2008/09, ar Lorraine Kerins atá ar fhoireann na Seirbhíse Tacaíochta UCD do Dhaoine Faoi Mhíchumas.

## Idirnáisiúnú

I 2008/09 lean pobal idirnáisiúnta mac léinn UCE ag fás agus ag éirí níos ilchineálaí. Fáiltíodh go háirithe roimh fhás ó thíortha amhail an tSín, an India, an Phacastáin agus Ceanada, chomh maith le roinnt tíortha Eorpacha eile.

Tá torthaí dearfacha le feiceáil i dtiomantas UCD do ghluaiseacht idirnáisiúnta a mhac léinn. D'fhás an líon mac léinn ó UCD páirteach i gcláir mhalairte lasmuigh den AC faoi 32% i gcomparáid le 2007/2008, agus an líon mac léinn páirteach i scéim Erasmus faoi 15%. Tríd is tríd, léiríonn seo méadú de 20% sa ghluaiseacht amach de mhic léinn bliain ar bhliain. Síníodh 16 chonradh bhreise malairte mac léinn i 2008/09, ag tabhairt deiseanna do mhic léinn UCD am a chaitheamh in institiúidí chomh hilchineálach le hOllscoileanna Cape Town, Bhéising agus Michigan.

Rinne Foireann Ardbhainistíochta na hOllscoile faomhadh ar an *UCD International Plan* i mí an Mheithimh 2009, agus tá tús curtha leis an bpróiseas dá chur i bhfeidhm. Cuireann an plean ar fáil treoir ardleibhéil i réimsí amhail earcaíocht ar mhic léinn idirnáisiúnta, comhpháirtíocht institiúideach agus gluaiseacht mac léinn. Ar na nithe ar díol suntais iad beidh gaol dlúth idir an plean seo agus plean earcaíochta na hollscoile.

Le linn 2008/09 bhí rannpháirt dhlúth ag UCD i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta mar chuid de Chomhghuaillíocht Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath (CARBÁC).

Is é príomhchuspóir shnáithe idirnáisiúnta CARBÁC ná Baile Átha Cliath a shuí ina réigiún mar mhol don oideachas ardcháilíotha le haghaidh mic léinn idirnáisiúnta ó áiteanna ar fud an domhain. Ar na comhghníomhaíochtaí tá brandáil agus margaíocht, gníomhaíocht chomhordaithe earcaíochta mac léinn, tionscnaimh thacaíochta idirnáisiúnta do mhic léinn agus raon gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath.

Tá rannpháirt UCD i líonra *Universitas 21* (U21) d'ollscoileanna diantaighde á dhaingniú ar bhonn leanúnach. Tá UCD ag stiúradh an tionscnaimh *U21 Food Security Initiative*, ceann de chláir chomhoibritheacha U21. An aidhm atá aige ná saineolas a thabhairt le chéile ar fud an líonra i réimse na slándála bia, le béim ar leith ar shláinte, uisce, talmhaíocht, oideachas, inscne agus rialachas. Chuige seo, i mí Eanáir 2009, reáchtáladh ceardlann idirnáisiúnta i UCD, mar ar tugadh le chéile saineolaithe sa tslándáil bia agus cleachtóirí ríomhfhoghlama chun breathnú ar mhodhanna chun fónamh níos fearr a bhaint as an rannpháirt leis an domhan forbraíochta sna réimsí seo.

Cuireadh feabhas breise ar chaidreamh straitéiseach UCD leis an tSín trí dheontas mór ón gCoimisiún Eorpach. Bronnadh €5.2 milliún ar chuibhreannas de naoi gcinn d'Ollscoileanna Eorpacha, lena n-áirítear UCD, faoi chlár Fuinneoige Comhoibriúcháin Sheachtraigh chun tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le gluaiseacht foirne agus mac léinn le 10 gcinn de na hollscoileanna is fearr sa tSín. I measc na n-ollscoileanna Síneacha tá roinnt de chomhpháirtithe straitéiseacha reatha UCD, amhail Ollscoil Bhéising, Ollscoil Fudan agus Ollscoil Wuhan. Déanfar comhordú ar an gclár trí mheán an Ionaid Ollscoileanna Eorpacha i mBéising, a bhfuil UCD ina bhall de.

## Teagasc agus Foghlaim agus Forbairt Acadúil

Leanadh leis an daingniú i 2008/09 ar na scéimeanna aitheantais agus luaíochta chun tacú le forbairt an bhairr feabhais sa teagasc. Leanadh le Gradaim Theagaisc an Choláiste, chomh maith le scéimeanna sonracha chun dreasachtú a dhéanamh ar fheabhsú agus nuálú na hoideolaíochta modúil agus an dearaidh churaclaim. Tháinig réimsí a bhfuil tábhacht ar leith leo chun cinn, lena n-áirítear na straitéisí measúnachta. Ag teacht le *Plean Straitéiseach Oideachais UCD 2009–14*, tháinig chun cinn forbairt saintréithe agus infhostaitheacht na mac léinn mar réimse ar ghá aird air.

I 2008/09, d'fháiltigh Údarás Rialaithe na hollscoile roimh an gcéad tuarascáil den scéim cheannródaíoch, *Fellowships in Teaching and Academic Development 2007–09*. Ceapadh ocht gcomhalta nua le haghaidh 2009–11 i mí Bealtaine 2009.

Ag treorú an réimse ghníomhaíochta seo bhí an tOllamh Bairbre Redmond a ceapadh ina Leas-Chláraitheoir don Teagasc agus don Fhoghlaim i Meán Fómhair 2008. Tá an tOllamh Redmond agus a foireann, arna dtacú ag gradam na hollscoile ó Chiste Nuálaíochta Straitéiseach (CNS) an ÚAO, tiomantas fuinneamh nua a chur sa straitéis agus sa ghníomhaíocht chun cuidiú leis an ollscoil barr feabhais a bhaint amach sa teagasc, san fhoghlaim agus san fhorbairt acadúil. Mar chuid lárnach de seo tá aitheantas an luacha a bhaineann le comhoibriú le hinstitiúidí comhoibritheacha de CARBAC arna mhaoiniú ag an CNS.

Faoi láthair tá foireann nua ar a bhfuil Áine Galvin, Stiúrthóir an Teagaisc agus na Forbartha Acadúla, Judith Archbold, Oifigeach Tionscadal an Teagaisc agus na Foghlama agus Elizabeth Noonan, Ceann na Forbartha Acadúla, ag tógáil ar an dea-chleachtas atá ann chana féin:

- San Ionad don Teagasc agus Foghlaim;
- I ngrúpa na Leas-Phríomhoidí coláiste don Teagasc agus Foghlaim, ag oibriú trína líonraí i Scoileanna ar fud na gClár.

Déanfaidh UCD seoladh ar sheirbhís athstruchtúrtha UCD don Teagasc, Foghlaim agus Forbairt Acadúil don fhoireann sa bhliain atá le teacht. Déanfaidh suíomh gréasáin agus tairseach de theagasc agus foghlaim idirghníomhach daingniú agus léiriú ar láithreacht agus ar chéannacht teagaisc agus foghlama na hollscoile ar an ngréasán.

## Cáilíocht

Déanann UCD a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go réamhghníomhach, freagrachtaí atá air faoi Acht na nOllscoileanna 1997, chun caighdeáin acadúla na ngradam a dhéantar thar a cheann agus cáilíocht eispéireas na mac léinn a chinntiú. Tháinig réimse polasaithe agus gnáthamh dírithe ar cháilíocht i bhfeidhm go hiomlán sa bhliain 2008/09, lena n-áirítear athbhreithniú acadúil agus athbhreithniú ar an aonad tacaíochta.

**Le linn 2008/09 rinneadh athbhreithniú ar na haonaid seo a leanas:**

- Ionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD
- Foirgnimh agus Seirbhísí UCD
- Ionad Forbartha Gairmeacha UCD
- Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD
- Scoil na gClasaicí UCD
- Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD
- Scoil agus Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD
- Scoil na Córa Sóisialta UCD
- Seirbhísí do Mhic Léinn UCD

Féachann Creat Cáilíochta UCD le struchtúr meáite comhleanúnach a sholáthar d'fhorbairt cáilíochta ollscoile, a bhfuil sé beartaithe a bhaint amach trí mheán an chultúir de shiarmhachnamh criticiúil ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar thaighde; ag cur deireadh le haon lúb aiseolais; smaointeoireacht agus gníomhartha nasctha le chéile; ag cur feabhais ar shreabhadh an eolais a bhaineann le cáilíocht; agus ar scaipeadh an dea-chleachtais.

Chomh maith le hathbhreithniú tréimhsiúil ar aonaid, tá gnáthaimh forbartha ag an ollscoil freisin chun athbhreithniúcháin théamacha níos leithne agus/nó níos spriocdhírithe a dhéanamh. Cuidíonn athbhreithniúcháin théamacha le cíoradh dlúth a dhéanamh ar phríomhréimsí agus a gcomhoibriú ar fud na hollscoile d'fhonn éascú a dhéanamh ar fhócas níos fearr ar réimse na ngníomhaíochtaí atá faoi athbhreithniú, a d'fhéadfadh próisis eile dearbhaithe cáilíochta a ghiniúint.



4

# OLLSCOIL DIANTAIGHDE DEN CHÉAD SCOTH A THÓGÁIL

Tá UCD tiomanta de i gcónaí fanacht ina ollscoil diantaighde ar leibhéal ard idirnáisiúnta áit a dtacaítear le nuálaíocht agus le fionnachtain chruthaitheach agus áit a spreagtar iad.

Meallann UCD leibhéil shuntasacha de mhaoiniú don taighde, agus tá caidrimh mhaithe oideachais agus thaighde cruthaithe aige – ar na cinn is suntasaí an *Chomhghuaillíocht Nuálaíochta TCD/UCD*, comhpháirtíocht a oibreoidh i gcomhar le hearnáil an oideachais, earnáil an ghnó agus leis an Stát chun éiceachóras den chéad scoth a chruthú don fhorbairt nuálaíoch agus fiontar mar chuid de straitéis an rialtais le haghaidh geilleagar cliste.

## AN CLÁR


| | |
|---|---|
| Maoiniú Taighde | **24** |
| Dámhachtainí agus Gnóthachtálacha Taighde | **25** |
| Mórinstitiúidí Taighde UCD | **26** |
| Ionaid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht | **30** |
| Braislí Straitéiseacha Taighde (BCT) faoi stiúir UCD | **30** |
| Cláir Chomhoibritheacha | **31** |
| Institiúidí Acadúla UCD | **32** |


***Foilseacháin Taighde:***
***Féadtar teacht ar shonraí gach foilseacháin taighde do thréimhse na Tuarascála ar líne ag: www.ucd.ie/research/publications***

# Maoiniú Taighde

Bronnadh conarthaí le linn na bliana arb ionann iad agus €113.3 milliún (féach síos). Cé go bhfuil sin thíos pas beag (1.2%) i gcomparáid leis an mbliain roimh ré, d'ardaigh an méid a théann i dtreo na bhforchostas faoi €3.1 milliún (17.9%). San áireamh sa mhaoiniú de €113.3 milliún tá €1.5 milliún i ndáil le tionscadail Thimthriall 4 PRTLI (Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal).

## Scéimeanna Inmheánacha a Thacaíonn le Taighde

### *Scéim Síolmhaoiniúcháin UCD*

Sa tréimhse 2008/09, dhírigh an Scéim Síolmhaoniúcháin ar dhea-cháil taighde na hollscoile agus ar thacú le hinbhuaine na gníomhaíochta taighde ag UCD. Cé gur thit an méid maoiniúcháin a bhí ar fáil don Scéim i mbliana, bronnadh €601,480 san iomlán sa tréimhse 2008/09 mar ar cuireadh maoiniú ar fáil do 35% de na 619 iarratas.

Tugadh isteach roinnt snáithí nua ar na cláir thraidisiúnta i mbliana i réimsí an chomhoibriúcháin agus na nuálaíochta idir inmheánach agus sheachtrach. Mar chuid de Chur i nGníomh na gClár Aschuir áiríodh dhá shnáithe nua – 'for-rochtain' agus 'meáin dhigiteacha'.

### *Scéim Chomhaltachtaí Taighde an Uachtaráin UCD*

San iomlán cuireadh isteach 26 iarratas ar Scéim Chomhaltachtaí Taighde an Uachtaráin sa tréimhse 2008/09 agus fógraíodh na torthaí i mí Eanáir 2009. Bronnadh na Comhaltachtaí orthu seo a leanas:

- An tOllamh Alan Baird (Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD);
- An tOllamh Anne Fuchs (Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD);
- An Dr. Andreas Hess (Scoil na Socheolaíochta UCD);
- An Dr. Ronan McNulty (Scoil na Fisice UCD).

### *Scéim Tionscnamh Mór agus Straitéiseach UCD*

Faoin Scéim Tionscnamh Mór agus Straitéiseach UCD cuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt mórchlár idirdhisciplíneach a chuireann chun cinn straitéis UCD don taighde. Le linn na bliana bronnadh trí cinn de dhámhachtainí do thionscnamh mhóra nó straitéiseacha orthu seo a leanas:

- An tOllamh Frank Convery (Institiúid na gCóras Domhanda UCD – Sraith seimineár maidir le forbairt coincheap agus tograí);
- An Dr. Robert Gerwarth, (Ionad an Léinn Chogaidh UCD – Oibreacha Tógála);
- An tOllamh Nicholas Quirke (Comhpháirtíochtaí do Thaighde agus Oideachas Idirnáisiúnta-Atlantic Center for Atomistic Modeling (ACAM) – Ionsamhladh móilíneach a fhorbairt don fhuinneamh, bitheolaíocht agus eolaíocht ábhair).

## Dámhachtainí Taighde

| Bliain | Iomlán na gConarthaí sínithe lena n-áirítear ranníocaíochtaí i dtreo na bhforchostas (€ milliún) | Iomlán na ranníocaíochtaí i dtreo na bhforchostas (€ milliún) | Iomlán na gconarthaí bronnta | Iomlán na dtograí curtha isteach |
|---|---|---|---|---|
| 2005/2006 | 82.9 | 11.8 | 664 | 1,245 |
| 2006/2007 | 96.3 | 14.8 | 556 | 1,234 |
| 2007/2008 | 114.7 | 17.3 | 484 | 1,090 |
| 2008/2009 | 113.3 | 20.4 | 569 | 1,150 |

## Foinsí Maoiniúcháin

| Foinse Mhaoiniúcháin | Líon na gconarthaí | Luach (€ milliún) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) | 100 | 61.3 |
| Fiontraíocht Éireann (FÉ) | 91 | 17 |
| Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET) | 96 | 6.2 |
| An Coimisiún Eorpach | 26 | 4.8 |
| Eile | 256 | 24 |
| **Iomlán** | **569** | **113.3** |

## Dámhachtainí agus Gnóthachtálacha Taighde

Sa bhliain 2008 tháinig méadú de 14% ar líon iomlán na bhfoilseachán taighde ISI (Thompson Scientific) ó UCD agus feabhas mór ar a dtionchar. Sna chéad naoi mí de 2009 tháinig méadú 63% ar fhoilseacháin sa ghrúpa irisleabhar *Nature* agus *Science* le linn 2008. Sa bhliain 2008 d'ardaigh an líon páipéar a foilsíodh sa tsraith *Proceedings of the National Academy of Science (PNAS)* chuig seacht gcinn, thuas ar an dá cheann an bhliain roimh ré.

Fógraíodh *Comhghuaillíocht TCD/UCD* i mí an Mhárta 2009. Seo comhpháirtíocht cheannródaíoch a oibreoidh le hearnáil an oideachais, leis an Stát agus le pobail ghnó agus chaipiteal fiontar chun éiceachóras den chéad scoth a chruthú don nuálaíocht. An aidhm atá ag an *gComhghuaillíocht Nuálaíochta* ná forbairt agus cruthú post ardluacha inbhuanaithe a thiomáint mar chuid den gheilleagar cliste.

Bronnadh deontas ó Chomhairle Taighde na hEorpa de bhreis is €1.2 milliún ar an Dr Robert Gerwarth, Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD le haghaidh tionscadal ceithre bliana úrnua sa stair trasnáisiúnta (*féach leathanach 6*).

Bhí UCD ar an bpríomhinstitiúid ar dhá cheann de Bhraislí Straitéiseacha Taighde FEÉ le déanaí: bronnadh €3.5 milliún ar an Ollamh Pádraig Cunningham, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, thar thréimhse cúig bliana le haghaidh Clique, an bhraisle Graife agus Anailíse Líonra, agus bronnadh €4.1 milliún ar an Ollamh Anthony Brabazon, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD, thar thréimhse cúig bliana le haghaidh $BMR^2$, braisle na Matamaitice Airgeadais agus na Ríomhaireachta.

Toghadh an tOllamh Anne Fuchs, Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD, agus an tOllamh Stephen Mennell, Scoil na Socheolaíochta UCD ina gcomhaltaí d'Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ). Seo an onóir acadúil is airde atá ar fáil do scoláirí atá ag obair in Éirinn. Ainmnítear iarrthóirí a rinne cion suntasach i leith an taighde scolártha nó eolaíochta arna léiriú i saothair acadúla atá foilsithe.

As fiche dó Dámhachtain Príomhthaighdeoirí FEÉ a bronnadh, fuair lucht acadúil UCD ocht gcinn díobh:

- An tOllamh Dominic Walsh, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD agus Institiúid Conway UCD;
- An tOllamh Stefan Oscarson, Ionad na Sintéise agus na Ceimbhitheolaíochta;
- An Dr. Seamas Donnelly, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis;
- An Dr. David MacHugh agus an tOllamh Stephen Gordon (comhdhámhachtain), Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta;
- An tOllamh Gil Lee, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta agus Institiúid Conway UCD ;
- An Dr. Brian Vohnsen, Scoil na Fisice UCD;
- An tOllamh Chen-Ching Liu, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD;
- Dr Alexey Lastovetsky, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD.

# Mórinstitiúidí Taighde UCD

## Institiúid Conway UCD

**Stiúrthóir: An tOllamh Desmond Fitzgerald (eatramhach)**
**ucd.ie/conway**

Bronnadh €30.3 milliún de mhaoiniú seachtrach ar chomhaltaí Conway. D'áirigh an maoiniú sin dámhachtain CSET de chuid FEÉ le haghaidh Córais Bhitheolaíochta Éireann (€19.5 milliún) a bronnadh orthu seo a leanas: an tOllamh Walter Kolch, an tOllamh Boris Kholodenko agus an tOllamh Des Higgins, chomh maith leis an Ollamh Cormac Taylor, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, i gcomhar le OÉ Gaillimh agus roinnt comhpháirtithe tionscail eile (Agilent Technologies, Ark Therapeutics, Hewlett Packard, Protagen AG, Servier Laboratories, agus Siemens).

D'fhoilsigh Comhaltaí Conway 253 alt piarmheasúnaithe in irisí amhail *Nature* (An tOllamh Geraldine Butler, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD), *Nature Genetics* (an tOllamh Sean Callanan, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD) agus PNAS, iris oifigiúil an National Academy of Sciences sna SA (an tOllamh Cormac Taylor, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, agus an Dr Emma Teeling, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD).

Ar na dámhachtainí suntasacha sa tréimhse bhí siad seo a leanas: Comhaltacht Idirnáisiúnta L'Oreal-Unesco a bronnadh ar an Dr Lydia Lynch, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD; bonn óir ón Biochemical Society Irish Area Section (IAS) a bronnadh ar an Ollamh Therese Kinsella, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD; agus toghadh an tOllamh Prem Puri, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD mar Uachtarán ar an gCumann Eorpach Péidiatraiceach Máinliachta.

D'eagraigh an tOllamh William Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, maille lena chomhghleacaithe ó Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD an chomhdháil *EMBO (European Molecular Biology Organisation) Cancer Proteomics 2009*, comhdháil Shraith 1 de chuid FEÉ.

## Institiúid Geary UCD

**Stiúrthóir: An tOllamh Colm Harmon**
**geary.ucd.ie**

Choinnigh Institiúid Geary UCD a rangú ar bhunachar sonraí Research Papers in Economics (RePEc), mar a raibh rath ar leith air i réimsí amhail margadh saothair, eacnamaíocht iompraíochta agus sláinte, mar ar rangaíodh é ar bhonn leanúnach sna 30 áit is airde ar domhan. Bronnadh breis is €1 mhilliún de mhaoiniú seachtrach taighde ar an Institiúid le linn na tréimhse.

**Ar na mór-aschuir taighde bhí siad seo a leanas:**

- An chéad bhabhta de thorthaí le haghaidh *SHARE – Survey of Health and Retirement in Europe* (Deireadh Fómhair 2008);
- Tuarascáil ardluaite leis an Ollamh Richard Sinnott, Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD, maidir le hiompraíocht vótála i reifreann do Chonradh Liospóin sa bhliain 2008 (Márta 2009);
- *Report on Children's Profile at School Entry 2008–2009* (Meitheamh 2009).

**I measc na mórchomhdhálacha bhí siad seo a leanas:**

- *Behavioural Seminar Series*, ar fáil ar shuíomh gréasáin agus trí mheán iTunes;
- An chomhdháil *Economics and Psychology* arna chomheagrú ag Institiúid Geary UCD (Samhain 2008);
- *3rd Annual Research Conference on Population, Reproductive Health and Economic Development* (Eanáir 2009).

D'áirigh mórdhámhachtainí maoiniúcháin ón mBord Taighde Sláinte (BTS €300,000 le haghaidh staidéir trí bliana Frontier Methods for the Evaluation of Health Interventions, agus €192,000 don Tionscadal SHARELIFE.

Tugadh isteach dhá chlár nua PhD: clár arna chomhurrú ag Cúnamh Éireann agus an ÚAO le hOllscoil Dhárasalám; agus clár comhoibriúcháin dírithe ar Chórais Chasta agus ar Eolaíocht Shóisialta Ríomhaireachtúil.

## Ionad Uirbeach Éireann UCD

**Stiúrthóir: An tOllamh Frank J. Convery (eatramhach)**
**ucd.ie/uii**

San iomlán bronnadh €3.87 de mhaoiniú taighde seachtrach ar Ionad Uirbeach Éireann (IUÉ) le linn na tréimhse. Is í an Institiúid seo a thiomáineann Institiúid na gCóras Domhanda (ICD) UCD le togra arna chur isteach faoi Thimthriall 5 PRTLI. Faoi scáth ICD, reáchtáladh 23 cinn de léachtaí seachtainiúla ag cuimsiú saincheisteanna maidir le hathrú aeráide, idir Nollaig 2008 agus Meitheamh 2009 agus bhí tinreamh maith ag freastal ar na léachtaí sin.

D'eagraigh Tionscadal Uirbeach IUÉ-bhunaithe ar cheardlann sa Bhruiséil leis an téama seo a leanas: *Applying MOLAND as a Decision-tool for Sustainable Development* i mí Bealtaine 2009. Reáchtáladh Scoil Samhraidh arna mhaoiniú ag IRCHSS 2009 IUÉ ar Ionsamhlú Spásúil le haghaidh na nEolaíochtaí Sóisialta.

D'éirigh le IUÉ Dámhachtain FEÉ ETS Walton Visiting Professor a chinntiú a chisteoidh cuairt sé mhí a thabharfaidh an tOllamh Piotr Jankowski, ó Ollscoil Stáit San Diego ar IUÉ.

**Bronnadh roinnt mórdheontas ar an Institiúid, lena n-áirítear:**

- Marie Curie Initial Training Networks (ITN) (TEAM dar luach breis is €3.2 milliún);
- Co-ordination and Support Action, an tionscadal 2010 de

chuid YEAR (€300,000);

- Marie Curie International Staff Exchange Scheme (IRSES) (€45,000);
- Ceardlann arna mhaoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa *Pooling, Sharing and Linking: Spatial Representation of Data Using Geographical Information Systems*;
- €350,000 ó IRCHSS do bhabhta na hÉireann den Suirbhé Sóisialta Eorpach.

## An tSaotharlann do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha

**Stiúrthóir: An Dr Scott Rickard**

**casl.ucd.ie**

Rinneadh Institiúid fhoirmiúil de chuid UCD den tSaotharlann do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha (SCCO) sa bhliain 2009 agus, le linn thréimhse na tuarascála, bronnadh €5.4 milliún air de mhaoiniú taighde seachtrach. Rinneadh baill de SCCO den Ollamh Petra Ahrweiler, Scoil Ghnó UCD, maille lena haonad um shamhlú gníomhaire-bhunaithe (ASG). Tá SCCO le hóstáil a dhéanamh ar dhá cheann de Bhraislí Straitéiseacha Taighde FEÉ – Clique agus FMC[2].

**I measc na mórchomhdhálacha agus na n-imeachtaí bhí:**

- Comhdháil Idirnáisiúnta *Innovation in Complex Social Systems* arna óstáil ag IRU SCCO agus Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD (Nollaig 2008);
- An Chéad Lá Cripteagrafaíochta in Éirinn (Feabhra 2009);
- An chéad imeacht TEDx riamh (arna eagrú go neamhspleách faoi cheadúnas ó TED (Technology, Entertainment, Design) – imeacht bliantúil a thugann le chéile smaointeoirí móra an domhain), in Éirinn arna eagrú ag an Dr Aaron Quigley, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD (Meitheamh 2009);
- An 20ú Comhdháil IET Irish Signals and Systems – ISSC arna chomheagrú ag SCCO (Meitheamh 2009);
- An 9ú Comhdháil Idirnáisiúnta – *Finite Fields and their Applications* arna óstáil ag Institiúid Claude Shannon (Iúil 2009).

**I measc an mhórmhaoiniúcháin bhí siad seo a leanas:**

- An tOllamh Denis Shields, Institiúid Conway UCD, ar bronnadh dámhachtain FEÉ air de €1.1 milliún chun forbairt agus feidhmiú a dhéanamh ar mhodhanna ríomhaireachúla chun dul chun cinn ar an tuiscint atá againn ar phróitéin dhaonna;
- An Dr Michael O'Neill, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, ar bronnadh maoiniú FEÉ air de €580,000 le haghaidh Éabhlóide i dTimpeallachtaí Dinimiciúla le hÉabhlóid Ghramadúil;
- An Dr Marcus Greferath, Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD, ar bronnadh maoiniú FEÉ air de €467,000 le haghaidh taighde ar chripteagrafaíocht thábhachtach phoiblí.

## Institiúid Bia agus Sláinte UCD

**Stiúrthóir: An tOllamh Mike Gibney**

**ucd.ie/foodandhealth**

Seoladh go hoifigiúil Institiúid Bia agus Sláinte UCD i mí na Nollag 2008, agus le linn thréimhse na tuarascála bronnadh €10.3 milliún de mhaoiniú taighde seachtrach ar an institiúid.

Athainmníodh an National Functional Food Research Centre, a fhaigheann maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann agus atá faoi stiúir an Ollaimh Dolores O'Riordan, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, agus anois an t-ainm nua ar an ionad seo ná Food for Health Ireland agus bronnadh €8.64 milliún de mhaoiniú air.

Is é an tOllamh Séamus Fanning, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Bhia agus an Leighis Tréidliachta UCD, atá ag stiúradh an ionaid Centre for Food-borne Zoonomics (CFZ) arna mhaoiniú trí FIRM (Food Institutional Research Measure). An aidhm atá leis an ionad seo na laghdú ar líon na gcásanna de nimhiú bia-iompartha a bhaineann le pataiginí amhail salmonella.

Faoi ghairm FIRNM na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia bronnadh €1.56 milliún ar cheathrar taighdeoirí de chuid na hinstitiúide.

**I measc na mórimeachtaí bhí siad seo a leanas:**

- Comhdháil idirnáisiúnta ar *Cronobacter* – an chéad chruinniú dá chineál – arna óstáil ag an Centre for Food Safety, a ainmníodh ina dhiaidh sin in ionad comhoibritheach de chuid WHO le haghaidh Cronobacter (Eanáir 2009)
- Comhdháil Idirnáisiúnta ar *ProSafeBeef*, tionscal de chuid an AE faoin 6ú creat chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht mairteola agus táirgí mairteola (Márta 09)
- D'fhorbair an Institiúid sraith podchraolta de léachtaí tábhachtacha ar théamaí atá lárnach dá cuid oibre, lena n-áirítear *Genetics of Healthy Eating, Keeping the Food Chain Safe* agus *Food Risk Perception*.

## Ionad don tSintéis agus Ceimbhitheolaíocht

**Stiúrthóir: An tOllamh Pat Guiry**

**ucd.ie/cscb/**

Le linn thréimhse na tuarascála d'éirigh leis an Ionad don tSintéise agus Ceimbhitheolaíochta (ISCB) €2.8 milliún a thabhairt isteach ó dhámhachtainí taighde arna maoiniú go seachtrach.

Osclaíodh Céim 1 d'Ionad Eolaíochta UCD, na saotharlanna A1 arna n-athchóiriú agus arna maoiniú trí Thimthriall 4 PRTLI 4, i mí na Nollag 2008. Cuireadh tús le Clár Bithchógaisíochta agus Eolaíochtaí Cógaisíochta UCD, arna mhaoiniú trí Thimthriall 4 PRTLI, le 10 mac léinn ag tosú an chláir PhD ceithre bliana.

D'fhreastail isteach is amach le 240 toscaire ar an 7ú Siompóisiam CSCB, *Recent Advances in Synthesis and Chemical Biology VII*, i mí na Nollag 2008.

Bhog an tOllamh Martin Albrecht, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD, maille lena ghrúpa taighde, chuig UCD ag tabhairt leo Dámhachtainí Tosaigh ó Chomhairle Taighde na hEorpa dar luach €1 mhilliún i mí Aibreáin 2009.

Bronnadh deontas ar an Ollamh Pat Guiry agus ar an Ollamh Catherine Godson, Institiúid Conway UCD, dar luach €102,480 ó Fhiontraíocht Éireann ina clár Proof of Concept do thionscadal dar teideal *The Synthesis and Biological Evaluation of a Novel Class of Lipoxin Analogues – Lipoxiodines*.

## Institiúid Charles

**ucd.ie/research/charlesinstitute/**

Bhí Institiúid Charles ar an gcéad institiúid acadúil tiomnaithe do dheirmeolaíocht in Éirinn, i gcomhpháirt le UCD, cleamhnaithe le hospidéil teagaisc agus le Bord Charthanas Ospidéal Craicinn agus Ailse Chathair Bhaile Átha Cliath. An fhís atá aige ná feabhas a chur ar chúram d'othair trí mheán a chóireálacha agus a theiripí nua.

Tugadh cead pleanála d'fhoirgneamh Charles sa tréimhse 2008/09, le tógáil iomlán le tosú i mí Dheireadh Fómhair 2009. Ceapadh freisin na baill deiridh de Bhord Comhairleach Idirnáisiúnta Charles, agus d'áirigh sin ceathrar saineolaithe deirmeolaíochta.

## Institiúid Daonnachtaí Éireann UCD

**Stiúrthóir: An Dr Marc Caball**

**ucd.ie/hii/**

Sa tréimhse 2008/09, bronnadh €194,000 de mhaoiniú taighde seachtrach ar Institiúid Daonnachtaí Éireann (IDÉ) UCD. Bronnadh deontas de €194,000 sa Diagacht agus an Léinn Reiligiúnaigh de chuid Roinn an Taoisigh agus IRCHSS ar an institiúid le haghaidh *Protestants, Print and Gaelic Culture in Ireland* agus bhí sé ina chuid de chuibhreannas ar bhronn CSE agus COST deontas de €111,000 air le haghaidh tionscnamh polasaí dar teideal *Cultural Literacy in Contemporary Europe*.

**I measc na n-imeachtaí bhí:**

- *Peer-review and the Humanities – Challenges, Opportunities and Future Vistas* (Márta 2009);
- Máistir-rang IDÉ agus na Leabharlainne Náisiúnta *The History of the Book* (Bealtaine 2009).

Tá IDÉ le hóstáil a dhéanamh ar an Ionad nuabhunaithe Centre for Study of Gender, Culture and Identities (faoi stiúir an Ollaimh Gerardine Meaney, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD) agus an Clár Taighde Oideachais Iarchéime ar Inscne, Cultúr agus Céannacht.

## Institiúid John Hume UCD don Léann Domhanda Éireannach

**ucd.ie/johnhume/**

**Stiúrthóir: An Dr Brian Jackson**

Tá 12 mhac léinn PhD in Institiúid John Hume UCD don Léann Domhanda Éireannach ar a chlár taighde agus seachar taighdeoirí iardhochtúireachta atá i mbun tionscadal faoina mhórthéamaí. Rinne an Institiúid óstáil ar raon tionscnamh le linn na bliana, lena n-áirítear:

- Na Ceardlanna *Digital Archiving for Humanities and Hiberno-English*;
- Siompóisiam taighde phoiblí, *Situating Irishness: Fashioning Identity in Time and Space* (Bealtaine 2009);
- Cláir phoiblí, le breis is 3,000 duine ag freastal orthu, lena n-áirítear cainteanna a thug Malcolm Gladwell, Samantha Power, James Lovelock agus Robert Schmuhl;
- Podchraoltaí, a mheall 12,500 cuairteoir;
- An dara Fóram do Dhiaspóra na hÉireann, mar ar thug an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa aitheasc (Samhain 2008), agus a chlúdaigh na téamaí seo a leanas: *After the Deluge: The Future of the Global Economy; The New US Administration and Ireland*; agus *Giving Back: How Philanthropy Can Shape the Future*.

## NovaUCD

**ucd.ie/nova/**

**Stiúrthóir: An Dr Pat Frain**

Ar na nithe móra a bhain NovaUCD amach bhí éadáil na cuideachta seach-thairbhe UCD, UCD ChangingWorlds ag cuideachta teicneolaíochta SA-luaite Amdocs ar phraghas $60 milliún (€40.7 milliún) móide méid iarchurtha. Tugann seo iomlán na n-infheistíochtaí agus na réadúcháin ó chuideachtaí seach-thairbhe UCD go dtí breis is €135 milliún le deich mbliana anuas.

Rinne NovaUCD ceiliúradh ar an gcúigiú bliain agus d'fhógair a thorthaí don tréimhse 2004–2008, a d'áirigh na nithe seo a leanas:

- Seacht gcinn de chuideachtaí seach-thairbhe UCD corpraithe;
- 45 cuideachta ardteicniúil dian-eolais, lena n-áirítear 15 cinn de chuideachtaí seach-thairbhe UCD, lonnaithe in NovaUCD;
- 184 fionnachtain nua fógartha;
- 122 paitinn comhdaithe;
- 38 comhaontú ceadúnais i gcrích.

Le bliain anuas, gineadh €1.5 milliún ó thráchtálú ar ghníomhaíochtaí taighde, Rinne corprú ar chúig cinn de chuideachtaí seach-thairbhe UCD agus 24 cuideachta ardteicniúil agus dian-eolais a bhí lonnaithe ag NovaUCD ag deireadh na bliana. Fógraíodh ochtú dó fionnachtain agus comhdaíodh 39 iarratas ar phaitinn ar fud na réimsí seo: eolaíochtaí beatha, innealtóireacht agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Síníodh seacht gcinn déag de chomhaontais cheadúnais le raon cuideachtaí dúchasacha agus idirnáisiúnta.

**I measc na mbuaicphointí eile bhí siad seo a leanas:**

- Fuair BiancaMed, cuideachta sheach-thairbhe de chuid UCD agus atá ina chuideachta mhór leighis anois, maoiniú de €6 mhilliún sa dara babhta maoiniúcháin ó Seventure Partners, gnólacht Eorpach fiontar caipitil;
- Bronnadh dámhachtain tionscanta NovaUCD 2008 ar Asimil8, fiontar ríomhfhoghlama;
- Ba é HeyStaks Technologies, cuideachta cuardaigh shóisialta ghréasáin, an buaiteoir foriomlán i gcomórtas fiontraíochta €10,000 UCD SUSSED!; Is é HeyStaks a dhéanfaidh ionadaíocht ar UCD sa Chomórtas Fiontraíochta uile-Eorpach UNICA do Mhic Léinn agus do Thaighdeoirí óga;
- Bronnadh Dámhachtain Nuálaíochta NovaUCD 2009 ar Nicola Mitchell, bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach Life Scientific and BioScientific Diagnostics.




1



2



3



4



5



6

1. **Ag seoladh na Comhghuaillíochta Nuálaíochta idir UCD/Coláiste an Tríonóide, Baile Átha Cliath i mí an Mhárta 2009 (ó chlé): An Taoiseach Mr Brian Cowen TD; an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; an Dr John Hegarty, Propast Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus An Tánaiste Mary Coughlan TD, An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta**

2. **An tOllamh Malcolm Gillis, iar-Uachtarán Rice University, Texas ag tabhairt léachta speisialta ag NovaUCD dar teideal Black Swans in a Perfect Storm, a dhírigh ar an gcúlú domhanda airgeadais le linn na tréimhse 2007–2009**

3. **Sa tríú háit sa chomórtas 2009 UCD Research Images, *I Can Hear You!* – ag léiriú an struchtúir atá ar an gcluas inmheánach sa sciathán leathair, arna chruthú ag an Dr Sebastien Puechamille, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD**

4. **Nicola Mitchell, bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach dhá chuideachta rathúla sna heolaíochtaí beatha, Life Scientific agus BioScientific Diagnostics, ar bronnadh Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2009 orthu**

5. **Ag Fóram Dhiaspóra na hÉireann 2008 i UCD bhí Niall O'Dowd, bunaitheoir na hirise *Irish America* agus an nuachtáin Irish Voice; Loretta Brennan Glucksman, Cathaoirleach an American Ireland Fund; Máire Mhic Giolla Íosa, Uachtarán na hÉireann, a thug aitheasc ag an bhfóram; agus an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD**

6. **An tOllamh Desmond Fitzgerald, Leas-uachtarán taighde, UCD agus Tom Boland, Príomhfheidhmeannach an ÚAO le gluaisteáin le ceall hidrigine gréine arna mbreoslú ag uisce, ag seoladh an UCD PRTLI Research Trail, a bhí ag ceiliúradh 10 mbliana de mhaoiniú PRTLI i UCD**

7. **Buaiteoir an chomórtais 2009 UCD Research Images, *Into the Deep Blue* – íomhá mhicreascópach den pharaisít míol mara, arna chruthú ag Eleanor Cunningham agus Pablo Rojas, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD**

7



# Ionaid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht (IEIT)

## Bitheolaíocht Córas Éireann

**ucd.ie/sbi**

Is IEIT é Bitheolaíocht Córas Éireann (BCÉ), de chuid FEÉ, agus bronnadh é ar UCD i mí an Mheithimh 2009. An aidhm atá ag an ionad tá seasamh sa bhearna idir breathnadóireacht agus úsáid réasúnach a bhaint as feiniméin bhitheolaíocha. Tá an dámhachtain de €14.8 milliún thar thréimhse cúig bliana ar an gclár deontais taighde is mó a bronnadh riamh ar an Institiúid. Gheall cúig pháirtí tionscail eile maoiniú breise de €4.5 milliún – páirtithe atá in earnálacha na cógaisíochta, teicneolaíochtaí an leighis agus TFC. Is comhthionscnamh é SBI le OÉ Gaillimh agus tá sé faoi stiúir an Ollaimh Walter Kolch agus an Leas-Stiúrthóra an tOllamh Boris Kholodenko.

## CLARITY

**clarity-centre.org**

Tá CLARITY, arna stiúradh ag an Ollamh Barry Smyth, tar éis a chéad bhliain oibriúcháin a chur i gcrích le raon leathan de thaighdeoirí oilte a earcú, agus anois is féidir leis an ionad dul chun cinn a dhéanamh dá chlár taighde agus forbartha, a dhíríonn ar an idirnasc idir Brath Oiriúnaitheach agus Fionnachtain Faisnéise, d'fhonn teicneolaíochtaí nuálaíocha nua a fhorbairt.

Sháraigh na torthaí eolaíochta agus tráchtála go mór a rabhthas ag súil leis agus ar na spriocanna a socraíodh ag an seoladh bhí siad seo a leanas: 180 foilseachán piarmheasúnaithe; dhá phaitinn ceadaithe; dhá cheadúnas eisithe; agus cuideachta sheach-thairbhe amháin (HeyStaks).

D'éirigh le taighdeoirí CLARITY maoiniú breise a dhaingniú de bhreis is €4 mhilliún ó fhoinsí.

# Braislí Straitéiseacha Taighde (BST) arna stiúradh ag UCD

## BioNanoInteract (Ionad don Idirghníomhú BithNainea)

**cbni.eu/sections/ProjectsFunding/BioNanoInteractSRC**

Tá BioNanoInteract faoi stiúir an Ionaid don Idirghníomhú BioNano in UCD, faoi cheannas an Ollaimh Kenneth Dawson, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD, agus tá sé ar cheann de na hionaid is tábhachtaí ar domhan ó thaobh eolais in idirghníomhaíochtaí bithnaineacha. Tá ról gníomhach aige i mbraislí náisiúnta agus idirnáisiúnta lena n-áirítear INSPIRE (Timthriall 4 PRTLI de chuid an ÚAO) agus an International Alliance for NanoEHS Harmonisation (IANH). Fuair UCD €2.4 milliún chun comhordú a dhéanamh ar thionscadal AE de chuid NeuroNano agus is rannpháirtí é sa bhraisle de chuid an AE dar teideal Nanotoxicology.

## Líonra Seachadta Drugaí Éireann

**ucd.ie/iddn**

Tugann an Líonra Seachadta Drugaí Éireann (LSDÉ) le chéile na trí scoil Cógaisíochta in Éirinn agus Institiúid Conway UCD i lárionad barr feabhais amháin don seachadadh drugaí, agus tá sé faoi stiúir an Ollaimh David Brayden, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD Reáchtáladh an chéad mhodúl sa PhD Téamach i Seachadadh Drugaí i UCD (Márta 09), agus chuir LSDÉ modúil mhúinte ar fáil freisin don fhoireann ag Wyeth and Genzyme. Ag comhchruinniú le BST Ollscoil Luimnigh, tháinig acadóirí agus ionadaithe ó na 10 gcuideachta is mó cógaisíochta in Éirinn le chéile.

## An Bhraisle Thaighde sa Bhitheolaíocht Atáirgeach

**ucd.ie/agfoodvet/reproductive_biology.htm**

Bunaíodh an Bhraisle Thaighde sa Bhitheolaíocht Atáirgeach (BTBA) chun dul i ngleic le gnéithe sonracha a bhaineann le neamhthorthúlacht bhaineann, tá a iarrachtaí earcaíochta nach mór i gcrích anois agus tá breis is 60 ball sa bhraisle. Tá dul chun cinn maith taighde á dhéanamh ag an ngrúpa, tá foilseacháin á dtáirgeadh aige agus tá sé tar éis iarratas a chur isteach ar a chéad phaitinn a chomhdú. Rinneadh comh-phríomheagarthóir den iris idirnáisiúnta *Animal Reproduction Science* ar cheannaire na Braisle, an tOllamh Alexander Evans, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD.

## Ardábhair Bithaithriseacha don Tiontú Fuinnimh Ghréine

**seccluster.ie**

Faoi stiúir an Ollaimh Don MacElroy, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, sheol BTS Ardábhair Bithaithriseacha don Tiontú Fuinnimh Ghréine go hoifigiúil a chlár taighde i mí Feabhra 2009. Ar na páirtithe tionscail go dtí seo tá Airtricity, Celtic Catalysts agus SolarPrint. Ghlac an tOllamh Ravi Thampi, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, Ollúnacht FEÉ-Airtricity in Innealtóireacht san Fhuinneamh Gréine agus thosaigh sé a phost i mí Iúil 2009.

## Clique – An Bhraisle Graif agus Anailíse Líonra

**clique.ucd.ie**

D'fhógair an Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mary Coughlan TD an bhraisle Clique go foirmiúil i mí Feabhra 2009. Faoi stiúir an Ollaimh Pádraig Cunningham, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD, bronnadh maoiniú ar an mbraisle de bhreis is €3.5 milliún, a thacóidh le breis is 20 mac léinn taighde agus taighdeoir iardhochtúireachta. Tiomáinfear an taighde le riachtanais na hanailíse líonra i líonraí sóisialta agus líonraí bitheolaíochta agus beidh rannpháirtíocht tionscail ann ó Idiro, Norkom agus IBM.

## An Bhraisle Matamaitice Airgeadais agus Ríomhaireachta

Bronnadh BST nua ar UCD sa Mhatamaitic Airgeadais (FMC$^2$) i mí Iúil 2009 faoi stiúir an Ollaimh Anthony Brabazon, Scoil Ghnó UCD, le Comh-Phríomhthaighdeoirí ó Scoil Ghnó UCD agus ó Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta, ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ó OÉ Maigh Nua, chun clár taighde ildisciplíneach a chruthú sa bhainistiú sócmhainní agus riosca.

# Cláir Chomhoibritheacha

## Leigheas Móilíneach Éireann
molecularmedicineireland.ie

Is cuideachta sheachbhrabúis é Leigheas Móilíneach Éireann, arna bhunú ag UCD, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Coláiste Ríoga na Lianna agus na Máinlianna in Éirinn, Coláiste Ollscoile Chorcaí agus OÉ Gaillimh, chun luas a chur le tiontú an taighde chuig torthaí níos fearr d'othair.

Faoin mhaoiniú Thimthriall 4 PRTLI de chuid an ÚAO don Chlár Comhaltachta Cliniceora Eolaí, ghlac 22 comhalta páirt sa tríú tréimhse d'oiliúint struchtúrtha agus chuir siad i láthair a dtorthaí tosaigh ag an gcéad chruinniú bliantúil eolaíochta.

Chuir MMI isteach tuarascáil chuid an Oifig HRB/T&F maidir le céim an deartha de GeneLibrary Ireland, bunachar bitheolaíochta uile-oileáin a bheidh ina uirlis ríthábhachtach don chuardach le haghaidh cinntithigh ghéiniteacha agus cóireálacha nua do ghalair choitianta.

Tá comhthionscadail chliniciúla taighde ag Líonra Ionad Bhaile Átha Cliath don Taighde Cliniciúil, sna réimsí seo a leanas: Diaibéiteas, Galar Céiliach agus Galar Riospráide. Bunaíodh grúpa taighde sa Néarshíciatracht agus tá grúpa eile beartaithe san Airtríteas Réamatóideach.

D'fhoilsigh an Líonra Bonneagair Taighde Cliniciúil Éireann *Clinical Research – Irish Situational Analysis*, a chuireann forléargas cuimsitheach ar fáil de na riachtanais is gá chun taighde cliniciúil a dhéanamh in Éirinn agus chuir sé clár oiliúna náisiúnta ar fáil sa GCP.

## Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách
trilcentre.org

Is comhghrúpa taighde é an tIonad don Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách a dhéanann cíoradh ar na hiarmhairtí fisiceacha, cognaíocha agus sóisialta a bhaineann le dul in aois, agus déanann forbairt ar réitigh theicneolaíochta chun dul i ngleic leo. I measc chomhpháirtithe an ionaid tá Intel, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, UCD agus OÉ Gaillimh; faigheann an t-ionad maoiniú ó Intel agus ón IDA. I measc na bpríomhghnóthachtálacha don tréimhse tá siad seo a leanas:

- Buaiteoir an ghradaim *Best Use of Information Technology* ag Gradaim Chúraim Shláinte Éireann (Deireadh Fómhair 2008);
- Seoladh leagan 2.0 de BioMOBIUSTM Research Platform (Lúnasa2009);
- Rinne a chlinic measúnú ar a 600ú othar (Bealtaine 2009);
- Taispeánadh a theicneolaíocht ar TV3 (Feabhra 2009);
- Reáchtáladh an chéad taispeántas de chuid an ionaid sa Ghailearaí Eolaíochta, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, ag taispeáint an taighde do thionscail, don rialtas agus don lucht acadúil (Feabhra 2009);
- Cuireadh tús le tástálacha píolótacha de chuid an ionaid i 170 teaghlach de dhaoine scothaosta in Éirinn.

## Institiúid na Faisnéisíochta Bithleighis
ucd.ie/research/success/majorcollaborativeprogrammes/

An aidhm atá ag Institiúid na Faisnéisíochta Bithleighis ná forbairt a dhéanamh ar na huirlisí bogearraí a bhfuil gá leo d'fhonn faisnéis ghéiniteach a úsáid chun cúram sláinte fadsaoil sainoiriúnaithe a chur ar fáil. Bhronn an Roinn Oideachais agus Foghlama, Tuaisceart Éireann, £1.1 milliún GBP (€1.2 milliún) ar an Ollamh Peter Hamilton, Ollscoil na Banríona Béal Feirste, chun maoiniú a chur ar fáil d'ollúnacht agus do roinnt post eile a thacódh go díreach le hobair an ionaid. Bronnadh dámhachtain Príomh-Thaighdeora FEÉ ar an Ollamh Rob Woods, atá ina bhall den Institiúid. Is é an tOllamh Paddy Nixon ó Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD an príomhbhall stiúrtha ó UCD.

## An Institiúid Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Oiliúint Bithphróiseála nibrt.ie

Bhunaigh an Institiúid Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Oiliúint Bithphróiseála comhghrúpaí taighde le Roche Pharmaceuticals agus an US Food and Drug Administration. Cuireann na comhpháirtíochtaí seo le líonra ina bhfuil Lilly, Becton Dickinson, ABB, Reliance-Genemedix, Merck-Serono, Pfizer, Waters agus Ferring. Is iad an tOllamh Pauline Rudd de chuid na hInstitiúide, a ndearnadh próifíliú uirthi san iris *Nature Technology* (Eanáir 2009) agus an tOllamh Nigel Jenkins, na PT.

Tá an Institiúid ina cuid den BST FEÉ faoi stiúir OÉ Gaillimh *Characterising and Mining the Epithelial Glycosylation in Host/Microbial Interactions* (Feabhra 2009), agus ina rannpháirtí i ndeontas Teicneolaíocht Anailíseach Próisis, Fiontraíocht Éireann, arna stiúradh ag an Ollamh Brian Glennon, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD. Tosófar tógáil na saoráide nua i bPáirc Nuálaíochta UCD go déanach sa bhliain 2009.

## An tIonad Náisiúnta don Taighde Digiteach
ndrc.ie

Is fiontar neamhspleách é an tIonad Náisiúnta don Taighde Digiteach atá tiomnaithe do fuadar a chur faoi thiontú an taighde ón gcoincheap go dtí an t-ioncam, ag seasamh sa bhearna idir an taighde agus tionscail. Chuir an tIonad i gcrích a chéad chéim infheistíochta, ag atreorú €12 mhilliún isteach i 17 dtionscadal taighde le 14 pháirtí tráchtála. Tacaíonn an infheistíocht go dtí seo le breis is 100 duine atá dírithe ar fhorbairtí digiteacha a thiontú ina réaltacht tráchtála. Tá an tOllamh Mark Keane, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD ar bhord an Ionaid, agus tá UCD ina chomhpháirtí i seacht dtionscadal, faoi stiúir an Dr Scott Rickard, an Dr Aaron Quigley, an Dr Greg O'Hare, an Dr Debra Laefer, an Dr Sean Murphy, an Ollaimh Anthony Brabazon agus an Dr Michael O'Neill.

Oibríonn an t-ionad i saotharlanna trealmhaithe chun fionnachtana ríthábhachtacha a tháirgeadh, cuideachtaí dúchasacha stuama chun teicneolaíocht a chur chun cinn, agus cuideachtaí ilnáisiúnta a bhfuil ceannaireacht dhomhanda acu chun go nglacfaí leis na forbairtí.

# Institiúidí Acadúla UCD

## Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD

**Stiúrthóir: An tOllamh Liam Kennedy**
**ucdclinton.ie/**

**I measc phríomh-bhuaicphointí Institiúid Clinton sa tréimhse 2008/09 bhí siad seo a leanas:**

- Seoladh an tionscadail *Photography and International Conflict*, arna mhaoiniú ag IRCHSS. Tá an tionscadal taighde ina chroílár ag comhoibriú idirdhisciplíneach aistritheach idir scoláirí i réimsí an chultúir fhísigh agus an chaidrimh idirnáisiúnta, agus ionadaithe ó ENB i réimsí cearta daonna agus coinbhleacht idirnáisiúnta;
- Coimeádáil a dhéanamh ar thaispeántas de shaothair an scríbhneora Mheiriceánaigh Jack Kerouac, atá lonnaithe i dTeach Belfield agus a mheall breis is 2,000 cuairteoir go dtí seo. Cuireadh sraith cainteanna agus cur i láthair ar siúl ar an ábhar freisin;
- Rinne Institiúid Clinton óstáil ar a cheathrú Scoil Samhraidh, a bhí ar an scoil ba mhó go dtí seo, ag mealladh mic léinn PhD chun forbairtí nua a phlé i Léann na Stát Aontaithe (Iúil 2009).

## Institiúid don Léann Síneach UCD

**Stiúrthóir: An Dr Liming Wang**
**ucd.ie/china/**

D'fhreastail isteach is amach le 130 scoláire ó ollscoileanna idirnáisiúnta ar chomhdháil tionscnaimh an Chumainn Shínigh Eacnamnaíochta i mí Iúil 2009. Rinne Institiúid an Léinn Shínigh Éireann comh-óstáil ar an gcomhdháil le hInstitiúid Confucius na hÉireann, agus dhírigh lá oscailte na comhdhála ar an bhfreagra a thug an tSín le déanaí ar na forbairtí ríthábhachtacha le déanaí sa gheilleagar domhanda. Ar na haoichainteoirí a thug aitheasc ag an gcomhdháil bhí an tOllamh Wen Hai (Ollscoil Bhéising), An tOllamh Zhiyuan Cui (Ollscoil Tsinghua), an tOllamh Nicholas Lardy (Peterson Institute for International Economics), An tOllamh Robert Gordon (North-Western University) agus an tOllamh Thomas Rawski (University of Pittsburgh).

Sa tréimhse 2008/09 d'éirigh go maith le clár léinn réamh-mháistreachta na hInstitiúide, a ceapadh d'fhonn fochéimithe Síneacha sa bhliain dheireanach a ullmhú le haghaidh staidéar iarchéime ag UCD. D'éirigh an-mhaith leis an gclár mic léinn ón tSín a earcú a bhfuil ardchumas iontu le tabhairt faoin staidéar máistreachta ag UCD.

## Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh UCD

**Stiúrthóir: Dr John McCafferty**
**ucd.ie/mocleirigh/**

Sa tréimhse 2008/09 d'eagraigh Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh UCD 24 seimineár agus comhdháil mar ar labhair scoláirí ó Éirinn agus ó thíortha eile maidir le gnéithe de shibhialtacht na hÉireann agus de stair na hÉireann.

I mí Dheireadh Fómhair 2008, mar chuid den tionscadal idirinstitiúideach agus idirnáisiúnta a forbraíodh sa bhliain 2007, reáchtáil an institiúid comhdháil ar éirigh thar barr léi i gColáiste San Isidore sa Róimh maidir le saol Thadhg Uí Chianáin, dialannaí Theitheadh na nIarlaí sa bhliain 1607/8.

Tugadh aitheantas do thionscadail a bhaineann le hoidhreacht ábhartha Phroinsiasaigh na hÉireann ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear maoiniú. Cuireadh maoiniú ar fáil don tionscadal idirdhisciplíneach *Mapping Death: People, Boundaries and Territories in Ireland 1st to 8th Centuries AD* trí mheán chlár INSTAR na Comhairle Oidhreachta, sa mhéid gur éirigh go maith leis roimh sa bhliain 2008.

## Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD

**Stiúrthóir: An tOllamh Colin Boreham**
**ucd.ie/instituteforsportandhealth/**

Sa bhliain 2009 cuireadh tús le dhá mhórthionscadal taighde in Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD:

- Comhpháirtíocht acadúil tionscail idir Biomedical Research Ltd agus UCD, faoi stiúir an Dr Brian Caulfield, Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta UCD, a mheall maoiniú de €1.3 milliún i dtréimhse dhá bhliain. Cuideoidh sé le forbairt bhreise ar theicneolaíochtaí nua chun matáin a spreagadh go leictreach don spórt, don tsláinte agus do thaisteal sa spás;
- Cuireadh maoiniú ar fáil don tionscadal taighde dar teideal *What is the Optimal Exercise Prescription for Type 2 Diabetics?* faoi Bhabhta 3 de TSR an ÚÁO agus IRCSET. Tugann an tionscadal le chéile foireann ildisciplíneach ó UCD ISH, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis agus Grúpa Taighde Bithleighis ag IT Thamhlachta, agus mar aidhm acu treoirlínte a sholáthar d'othair.

## An Institiúid do Léann na hÉireann-na Breataine

**Stiúrthóir: An tOllamh John Coakley**
**ucd.ie/ibis/**

Is measc fhoilseacháin idirnáisiúnta thaighdeoirí na hInstitiúide do Léann na hÉireann-na Breataine tá dhá leabhar le teacht; eagrán speisialta d'iris; seacht gcaibidil i leabhair agus 13 alt in irisí idirnáisiúnta agus rinneadh digitiú ar bhreis is 100 páipéar oibre agus plé, lena n-áirítear 24 atá ar shuíomh gréasáin na hinstitiúide.

As na haschuir ón tionscadal taighde *Breaking Patterns of Conflict* tá siad seo a leanas: seimineár fianaise amháin, 20 agallamh domhain, mórphróiseas de thrascríobh, eagarthóireacht agus ullmhú ar an gcáipéisíocht deiridh, forbairt bhreise ar an tionscadal chun náisiúntacht a chlúdach ó ghluaiseacht cearta saoránach (comhaltacht iardhochtúireachta IRCHSS don Dr Cillian McGrattan) agus ról na hearnála príobháidí sa phróiseas síochána (arna thacú ag InterTrade Ireland). Bhí na sonraí stairiúla príomhúla seo mar bhonn do pháipéir agus d'fhoilseacháin scolártha.



5

# AG SOLÁTHAR EISPÉIREAS ARDCHAIGHDEÁIN DO MHIC LÉINN

Tá UCD tiomanta d'eispéireas dúshlánach sásúil spreagthach a chinntiú do na mic léinn go léir agus iad ar an ollscoil agus go mbeidh taithí ilghnéitheach ag céimnithe UCD a chuireann leis an tsochaí agus lena bpobal.

Tá clár forbraíochta caipitil ceithre bliana ar siúl chun 'mol eolais' úrscothach a chruthú don 21ú haois a dhaingneoidh suíomh na hollscoile mar phríomh-lárionad sártheagaisc agus sárthaighde, a mheallann mic léinn agus foireann den scoth agus a thacaíonn leo.

## AN CLÁR


| | |
|---|---|
| Áiseanna a Fhorbairt | **34** |
| Leabharlann UCD | **35** |
| Seirbhísí TF UCD | **35** |
| Lárionad UCD um Fhorbairt Gairme | **35** |
| An tEispéireas do Mhic Léinn | **37** |
| Spóirt agus Cumainn | **38** |

# Áiseanna a Fhorbairt

ucd.ie/campusdevelopment

## Plean straitéiseach

Tá clár forbraíochta caipitil ceithre bliana de €220 milliún seolta ag UCD chun 'mol eolais' úrscothach a chruthú don 21ú haois. Tá mórathrú áiseanna acadúla, cónaithe agus fóillíochta an champais ag baint leis seo chun suíomh na hollscoile mar phríomh-lárionad sártheagaisc agus sárthaighde a mheallann mic léinn agus foireann den scoth agus a thacaíonn leo a dhaingniú.

Leanfaidh an clár tógála *Mháistirphlean an Champais Tairsí*, a leagann béim ar an inbhuaine, an tírdhreachtú agus an caomhnú. Cruinníodh €126 milliún den maoiniú trí dhaonchairdeas, ioncam tráchtála agus tobhach mac léinn. Tá an Státchiste ag cur €94 milliún ar fáil d'fhoirgnimh oideachais agus taighde ar leith.

## Forbairtí go dtí seo

Cuirfidh Lárionad Eolaíochta athfhorbartha UCD go mór le cinntiú go bhfuil céimithe eolaíochta agus innealtóireachta den scoth á gcruthú in Éirinn atá in ann dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta. San áireamh sa mhaoiniú tá €10 milliún a bronnadh faoin Scéim um Áiseanna Taighde a Fheabhsú (SATF) de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas chun tacú le raon de chláir thaighde mhaoinithe, agus maoiniú Thimthriall 4 PRTLI €35 milliún. Tá an chéad chéim eile de Science South ar siúl agus meastar go mbeidh sé go hiomlán i gcrích go déanach sa bhliain 2010. Cuirfidh sé seo áiseanna ar fáil do thaighdeoirí na ceimice sintéisí, na naineolaíochta, na n-eolaíochtaí bitchógaisíochta, an bhia agus na sláinte. I mí Iúil 2009 gheall an Roinn Oideachais agus Eolaíochta €65 milliún d'infheistíocht chaipitil chun 18,600 méadar cearnach d'áiseanna le haghaidh clár múinte fochéime agus iarchéime a fhorbairt. Tá an fhorbairt agus an comhairliú deartha ar siúl agus sceidealadh go mbeadh sé curtha i gcrích roimh *Dublin City of Science* 2012.

Ceadaíodh faomhadh pleanála d'Institiúid Charles, a nascfaidh Lárionad UCD na nEolaíochtaí Sláinte le hInstitiúid Conway UCD. Beidh sí ina hacmhainn náisiúnta d'oiliúint gairmithe sláinte deirmeolaíochta agus do ghníomhaíocht taighde ghaolta, agus cruthóidh sí an deis chun Éire a bhunú mar mhol idirnáisiúnta do T&F agus do bhithchógaisíochtaí a bhaineann le deirmeolaíocht.

Coimisiúnaíodh Moloney O'Beirne Architects chun Foirgneamh Scoil Sutherland an Dlí UCD nua a fhorbairt, páirtmhaoinithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013 agus ag mórbhronntanas daonchairdiúil ó Peter Sutherland AS. Beidh sé in aice le Scoil Ghnó Quinn UCD.

Tá na hoibreacha cumasúcháin do Choimpléasc UCD Foghlama, Fóillíochta agus Spóirt do Mhic Léinn de 11,000 méadar cearnach beagnach i gcrích. Tá an fhorbairt á maoiniú trí thobhach mac léinn a d'fhaomh Aontas UCD na Mac Léinn agus trí thacaíocht ollscoile. Beidh na conláistí nua a bhaineann le sláinte mac léinn, díospóireacht, drámaíocht, cumainn, meáin, linn snámha agus fóillíocht ar oscailt sa bhliain 2011.

Ceadaíodh cead pleanála don chéad chéim eile d'fhorbairt Árais Chónaithe Mac Léinn, a chuirfidh 134 spás leapacha eile ar fáil i Halla Roebuck faoi 2010 déanach.

Tá UCD tiomanta do chaidrimh theagaisc agus foghlama éifeachtacha a bhunú le mic léinn. Tá athchóiriú oifigí, saotharlann, seomraí ranga, áiseanna locar, limistéar idirghníomhaithe agus sosa san áireamh in Atógáil Áras Newman. Bhí na hoibreacha seo ar siúl i gcomhthráth le comhlonnú gníomhaíochtaí teagaisc agus taighde laistigh de na Colaistí Ealaíon agus an Léinn Cheiltigh, agus Eolaíochtaí Daonna. Bhí 145 aistriú oifige i gceist leis an atheagrú seo agus chomhdhlúthaigh sé cuid mhaith de na 15 Scoil san fhoirgneamh.

Tá oibreacha tógála d'fhairsingiú Naíolann Oakmount DCU tosaithe agus méadóidh siad acmhainn spáis na naíolainne ó 60 leanbh go 200 leanbh faoi 2009 déanach.

Sa bhreis ar an gclár infheistíochta caipitil thuas, tá faomhadh maoinithe deireanach tugtha ag an ÚFT le haghaidh tógála saotharlann agus áiseanna ar scála píolótach don Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála, a bheidh lonnaithe i bPáirc Nuálaíochta Belfield.

Tá Conair Dealbh forbartha ag an ollscoil lena n-áirítear saothair ealaíne phoiblí atá ina mbunchuid den champas, ag cur leis an saincharactar áite agus le háilleacht fhisiceach na timpeallachta nádúrtha.

## Leabharlann UCD

ucd.ie/library

D'fheabhsaigh an Leabharlann a ról seirbhísí faisnéise ríthábhachtaí níos mó in 2008/09, faoi cheannas an Leabharlannaí Ghníomhaigh Pauline Corrigan agus ina dhiaidh sin faoi mhaoirseacht na Leabharlannaithe Sinsearacha Carmel O'Sullivan agus Marie Burke.

Mar aitheantas ar a bunról in eispéireas foghlama na mac léinn agus i bhforbairt foirne araon, tá an Leabharlann anois liostaithe mar sholáthraí oiliúna in *Eolaire Foghlama agus Forbartha UCD*, le naoi gcúrsa thar raon d'ábhair agus de riachtanais scileanna mar Bhibliméadracht, Paitinní agus Ag Cuardach Google go hÉifeachtach. Tá an Leabharlann tar éis a ról a dhaingniú maidir le riachtanais na mac léinn agus na foirne a chomhlíonadh i dtaobh scileanna na hinniúlachta faisnéise, ag soláthar 500 uair teagaisc le linn na bliana acadúla.

Seoladh an tseirbhís Leabharlainne nua *Findit@UCD* in 2008/09. Is féidir le húsáideoirí cuardaigh a dhéanamh go comhuaineach tríd an tairseach seo d'irisí leictreonacha agus de bhunachair sonraí thar raon de tháirgí. Is céim ar aghaidh é seo i dtreo na príomhaidhme go mbeidh rochtain ar acmhainní faisnéise na leabharlainne go léir in aon chuardach amháin. Agus í i gcónaí ag iarraidh a dea-chaidreamh le pobal mhic léinn na hollscoile a uasmhéadú, leanann an Leabharlann de bheith ina ceannaire ag glacadh le teicneolaíochtaí Ghréasán 2.0, agus tá sí anois gníomhach ar Twitter chomh maith le Facebook.

Bhí foireann na Leabharlainne ag súil le ceapadh an Dr John Brookes Howard mar Leabharlannaí UCD ó 1 Deireadh Fómhair 2009.

## Seirbhísí TF UCD

ucd.ie/itservices

Is í an fhoghlaim sholúbtha – tríd an teicneolaíocht agus trí spáis foghlama atá teicneolaíocht-chumasaithe – a bhí ina ceann tiomána taobh thiar d'fhorbairtí faoi threoir Sheirbhísí TF UCD in 2008/09 agus tá raon de nithe bainte amach i rith na bliana mar thoradh uirthi.

Bhí UCD ar thús cadhnaíochta maidir le seirbhís O2 an Leathanbhanda Mhóibíligh do mhic léinn agus tugann sí rochtain ar sheirbhísí TF UCD ó ríomhairí glúine mac léinn. Faightear rochtain ar fheidhmchláir, comhaid, ríomhphost agus an timpeallacht ríomh-Fhoghlama tríd an tairseach Connect UCD agus bhain 23,000 úsáideoir úsáid rialta sheachtainiúil aisti in 2009. Tá rogha as líne 'backpack' ar fáil anois i gcóras ríomh-Fhoghlama Blackboard, a chuireann mic léinn i gcumas obair a dhéanamh aon uair as líne lasmuigh den champas. Tá an tseirbhís feidhmchlár móibíleach *Software for U* nua sa bhliain 2009 agus tugann sé rochtain do mhic léinn ar na bogearraí acadúla is mó éileamh óna ríomhairí glúine nó óna ríomhairí baile.

Le linn 2008 aistríodh Áras Dedalus ina lárionad do theagasc, foghlaim agus taighde teicneolaíocht-chumasaithe, tríd an bhforbairt de thrí spás nua. Tá spás foghlama solúbtha nua ann a chuireann limistéar atá cumasaithe don nasc gan sreang ar fáil d'obair nó staidéar i ngrúpaí agus is áit í a bhfuil móréileamh uirthi i measc na mac léinn chun teacht agus obair le chéile. Tá teicneolaíocht léacht-ghabhála ar fáil i spás nua teagaisc agus foghlama a chuireann ábhar ar fáil do mhic léinn mar phodchraoladh tríd a modúl Blackboard. Tugann spás nua léirshamlaithe agus comhoibrithe, lena n-áirítear físchomhdháil, léirshamhlú 3T agus teicneolaíochtaí cláir chliste, réiteach don fhoireann agus do thaighdeoirí le haghaidh comhoibriú solúbtha.

## Lárionad UCD um Fhorbairt Gairme

ucd.ie/careers

Sa tréimhse 2008/09, faoi cheannas an Stiúrthóra Ghníomhaigh David Casey, rinne an Lárionad dul chun chinn mór chun an tseirbhís do mhic léinn agus d'fhoireann a fheabhsú go suntasach. I measc na mbuaicphointí bhí siad seo a leanas:

- Cuireadh an chead chéim d'uasghrádú an áitribh i gcrích, ag cur rochtana i bhfad níos mó ar fáil ar fhaisnéis, as líne agus ar líne araon, agus d'fheabhsaigh timpeallacht fhisiceach an Lárionaid;
- Rinneadh breis forbartha ar scileanna infhostaitheachta mac léinn mar chuid de na Torthaí Foghlama curaclaim;
- Cruthaíodh tuilleadh deiseanna do mhic léinn agus do lucht earcaíochta bualadh lena chéile ar an gcampas trí léiriúcháin earcaíochta, aonaigh ghairmeacha agus ceardlanna scileanna faoi cheannas fostóirí. Tá meas mór ag pobal na mac léinn ar na haonaigh agus na príomh-chláir mar Career Awareness Week agus taifeadadh go raibh freastal seasta orthu de thart ar 2,000 mac léinn.

D'ainneoin na gcúinsí geilleagair reatha, tá fiúntas na gcaidreamh láidir idir an Lárionad um Fhorbairt Gairme UCD agus príomhlucht earcaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta na gcéimithe á chruthú. Faoi cheannas an Stiúrthóra nua David Foster, tá an chuma air go mbeidh clár na n-aonach gairmeacha 2009/10 ar an gclár is mó go dtí seo.



1



2




3

1. Mic léinn agus baill foirne ar an stáitse lena chéile i mí Feabhra 2009 sa dara Ceoldráma Pobail UCD, *Guys and Dolls*, i Halla O'Reilly

2. Tar éis agallaimh bheo os comhair lucht féachana de mhic léinn agus de bhaill foirne, bronnadh Comhaltacht Oinigh de chuid Chumann Litríochta agus Staire UCD ar an Ardeaspag Desmond Tutu i mí Feabhra 2009

3. Láithreoir RTÉ Ryan Tubridy agus an Dr Ciara O'Dowd, Dochtúir Teaghlaigh, Seirbhís Sláinte do Mhic Léinn UCD, ag seoladh na Leabhar ar an scéim *Chógais Leighis* chun tacú le mic léinn lena gcóireáil leighis nó chomhairleoireachta i mí Eanáir 2009

4. Foireann Haca na mBan UCD a bhuaigh a céad chraobh náisiúnta le 58 bliain, ag fáil an bhua ar Pegasus chun áit a fháil i gCorn Sinsearach na hÉireann i mí Aibreáin 2009

5. Turas mórthimpeall UCD. Clár cuimsitheach chun turas a thabhairt a chuirtear i bhfeidhm gach bliain ionas go mbeidh mic léinn ar a suaimhneas chomh luath agus is féidir leo

6. D'amharc pobal mac léinn Meiriceánach UCD ar oirniú Uachtarán na SA Barack Obama ag fáiltiú arna óstáil ag Ionad UCD don Staidéar Thar Lear ag an Halla Astra i mí Eanáir 2009

7. Ag an searmanas 'turning the sod' ar láthair an Choimpléisc nua Foghlama, Fóillíochta agus Spóirt UCD (ar cúl, ó chlé go deas): Lorcan Sweetman, Foirgnimh agus Seirbhísí UCD; Brian Mullins, Stiúrthóir Spóirt UCD; Aidan Grannell, Foirgnimh agus Seirbhísí UCD; Enda Conaty, Foirgnimh agus Seirbhísí UCD; Paul Lynam, Oifigeach Oideachais UCDSU; Dan O'Neill, Oifigeach Feachtas agus Cumarsáide UCDSU; Dominic O'Keeffe, Bainisteoir Ionad na Mac Léinn UCD; agus chun tosaigh (ó chlé): Aodhan O'Dea, Uachtarán UCDSU; an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; Gary Redmond, Uachtarán nua UCDSU; an Dr Martin Butler, Leas-Uachtarán UCD do Mhic Léinn; agus Conor Fingleton, Oifigeach Leasa UCDSU




4




5



6



7

# An tEispéireas do Mhic Léinn

Tá UCD tiomanta don aistear fionnachtana is dúshlánaí, is sásúla agus is spreagthaí agus is féidir a chinntiú do gach mac léinn agus iad ar an ollscoil. Tacaíonn UCD le gach mac léinn maidir le pé saincheisteanna nó dúshláin atá os a gcomhair, ionas go gcomhlíonfaidh siad a gcuid acmhainneachta a mhéad agus is féidir le linn dóibh a bheith anseo.

I Márta 2009 rinneadh Athbhreithniú Cáilíochta ar na haonaid ollscoile faoi cheannas an Dr Martin Butler, Leas-Uachtarán do Mhic Léinn, a bhfuil freagracht orthu maidir le heispéireas na mac léinn agus tá baint ag gach aonad acu leis an bplean feidhmiúcháin a bhí mar thoradh air seo.

I mí an Mheithimh 2009 bhí UCD ina óstach don chéad chomhdháil idirnáisiúnta de chuid NASPA san Eoraip. Is é NASPA, an cumann idirnáisiúnta do riarthóirí sinsearacha i seirbhísí do mhic léinn, an treoirghuth do riarachán, polasaí agus cleachtadh i seirbhísí do mhic léinn. Ceapadh an Dr Martin Butler ina chéad Stiúrthóir na hEorpa ar NASPA i Márta 2009.

## Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn

**ucd.ie/stuhealth/counsellingservice**

Feabhsaítear an tEispéireas do Mhic Léinn trí sholáthar i UCD de Sheirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn a lean le fairsingiú a cuid clár tacaíochta do mhic léinn le linn na bliana acadúla 2009.

Rinneadh clár tacaíochta síceolaí nua do mhic léinn PhD a dhearadh, a sheoladh go píolótach agus a chur i bhfeidhm go rathúil. Leanadh leis an tsraith sheachtainiúil de chainteanna ag am lóin *How's Your Mental Well-Being?* arna comhordú le hAontas na Mac Léinn le clár níos fairsingithe ar shaincheisteanna a bhaineann le saol na mac léinn.

Chuir Comhairleoireacht na Mac Léinn socrúchán oiliúna cliniciúla nua ar fáil agus tá tuilleadh forbairtí sa réimse seo beartaithe do 2009/10. Tugadh faoi fhóram cleachta féintagartha, faoi chóras-dírithe i gceithre chuid le Séiplínigh agus Comhairleoirí Mac Léinn chun idirchaidreamh agus comhordú ildisciplíneach a mhéadú.

## An tSeirbhís Sláinte do Mhic Léinn

**ucd.ie/stuhealth**

Tá UCD tiomanta do rochtain ar Sheirbhís Sláinte na Mac Léinn chuimsitheach a chur ar fáil a chuireann leis na seirbhísí leighis atá ann cheana féin (DG teaghlaigh, etc.). Bhí obair leanúnach ar siúl le linn na bliana chun raon de tháillí a bhunú, ar mhodh cothrom comhsheasmhach, don bhliain acadúil 2009/10 a ceapadh chun an leibhéal reatha de sheirbhísí leighis a choinneáil agus chun clár oibre a chur ar fáil do sheirbhísí breise.

Is iad na nithe suntasacha a baineadh amach ná: seoladh oifigiúil na scéime *Books on Prescription*, comhthionscnamh idir an tSeirbhís Sláinte do Mhic Léinn agus an Leabharlann, chun cabhrú le mic léinn i mbainistiú a gcuid sláinte meabhraí agus sláinte fisicí agus chun folláine a chur chun cinn; clinicí Gortaithe Spóirt agus Matánchnámharlaigh a fhorbairt leis an Dr Joe Conway; agus both féinseiceála sa seomra feithimh.

## Comhairleoirí Mac Léinn

**ucd.ie/studentadvisers**

Sa tréimhse 2008/09 lean na Comhairleoirí Mac Léinn ag cur le seirbhís dhinimiciúil tacaíochta a sholáthar do mhic léinn UCD trí thacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do mhic léinn ar raon de shaincheisteanna; trí theagmháil le foireann Scoileanna eile maidir le saincheisteanna na mac léinn; agus trí fhorbairt agus cur i bhfeidhm tionscnamh chun an pobal a neartú; agus trí imeachtaí a eagrú agus a rith.

Is é fós ról na gComhairleoirí Mac Léinn is tábhachtaí ná bheith ar an líne tosaigh ag déileáil le mic léinn. Rinneadh athfhorbairt ar shuíomh idirlín na gComhairleoirí Mac Léinn i mbliana agus cuireadh an-chuid eolais mar gheall ar thacaíocht do mhic léinn ann.

## Séiplíneacht

**ucd.ie/chaplaincy**

Tá sé d'aidhm ag Séiplíneacht UCD, chomh maith le páirt a ghlacadh i leas na mac léinn, idirphlé cultúrtha a fhorbairt laistigh den ollscoil. I mbliana, i bpáirt le Scoil Ghnó Quinn, rinne sí siompóisiam a reáchtáil dar teideal *Hope Does Not Disappoint: Rethinking the Language of the Person*, ag a raibh an Dr David Walsh, Ollamh le Polaitíocht ag Ollscoil Chaitliceach Mheiriceá, Washington DC, ina phríomhchainteoir.

## Cúnamh Airgeadais do Mhic Léinn

**ucd.ie/student_welfare.htm**

Tá trí scéim i bhfeidhm ag an ollscoil do mhic léinn ar gá dóibh cúnamh airgeadais a fháil á maoiniú den chuid is mó ag Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) tríd an *bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2006–2013*. Faightear maoiniú breise ó thabhartais agus fíneálacha mac léinn.

Is ciste lánroghnach é Ciste Leas na Mac Léinn a tháirgeann cúnamh do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí gan choinne acu le linn a dtréimhse staidéir i UCD agus is féidir iarratais a dhéanamh tráth ar bith le linn na bliana acadúla.

Tá an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, le cabhair ón CSE. Tá an ciste de réir tástála acmhainne seo ceaptha chun cabhrú le mic léinn faoin míbhuntáiste is mó a bhfuil gá acu le cúnamh airgeadais.

Cuidíonn Ciste UCD um Chúnamh le Cúram Leanaí do Mhic Léinn le mic léinn is tuismitheoirí iad ar mó gá le cúnamh airgeadais agus soláthraíonn sé airgead le haghaidh costais chúram leanaí, i naíolann UCD, is é sin nó i gcúram leanaí lasmuigh den champas.

# Spórt UCD

ucd.ie/sport

## Spórt UCD

I measc chuspóirí spóirt UCD tá soláthar d'eispéireas ardchaighdeáin folláine agus sláinte do mhic léinn, ag méadú líon na ndaoine atá páirteach i spóirt agus in áineas, ag soláthar áiseanna ilchuspóireacha den scoth, agus ag soláthar Lárionad Ardghníomhaíochta do scoth-lúthchleasaithe.

**I measc na mbuaicphointí spóirt sa tréimhse 2008/09 bhí:**
Chuir Club Haca na mBan UCD deireadh le hiatas d'ocht mbliana is caoga nuair a bhuaigh sé Club Sinsearach AIB na hÉireann. Bhuaigh Club Sacair na bhFear cluiche ceannais A de Shraith Eircom i mí na Samhna. Bhí an bua ag Club Bád UCD don 35ú huair i gCorn Gannon.

Ainmníodh Billy Brennan, Graham Rusk, John Dineen agus Pete McMahon ar scuad sacair na hÉireann don 25ú Cluichí Domhanda na nOllscoileanna i mBéalgrád i mí Iúil. I measc na mac léinn eile a roghnaíodh do na cluichí bhí Joanne Cuddihy agus Deirdre Byrne sa lúthchleasaíocht, agus Nicola Sinnott, Mary Waldron agus Louise Quinn ar fhoireann sacair na mban.

Bhí cúigear imreoirí UCD ar scuad Laighean a bhuaigh Corn Rugbaí Heineken na hEorpa i mí Bealtaine: Brian O'Driscoll, Rob Kearney, Ronnie McCormack, Fergus McFadden agus Kevin McLaughlin. Bhí na mic léinn ealaíon Rob Kearney agus Gordon D'Arcy ina mbaill de scuad rugbaí na hÉireann a bhuaigh an chaithréim mhór, in éineacht le Brian O'Driscoll agus Paddy Wallace.

Bhí Ciaran Lyng atá in mhac léinn ealaíon agus a fuair scoláireacht sa peil Ghaelach ar fhoireann an hÉireann a bhuaigh an tSraith Chomhrialacha i gcoinne na hAstráile i mí Dheireadh Fómhair 2008.

Bhain Club Cispheile Marian UCD amach an Corn Náisiúnta UCD Faoi-20 a raibh dúil aige ann le tamall fada le bua 57–56 i gcoinne Maree i mí Eanáir.

Ag searmanas na nDuaiseanna Spóirt de chuid Chomhairle Aontas Lúthchleasaíochta UCD i mí Bealtaine tugadh onóir do níos mó ná 300 mac léinn ó 24 club spórt éagsúil as an méid a bhí bainte amach acu ar son na hollscoile le bliain anuas. Fuair deichniúir mac léinn UCD scoláireachtaí ó Fhoras Spóirt na hÉireann, lena n-áirítear Lisa Jacob atá ina captaen ar an gcéad fhoireann haca i UCD agus ina himreoir sinsearach d'Éirinn, agus Louise Quinn atá ina himreoir sacair idirnáisiúnta d'Éirinn.

Chuir Spórt UCD an clár UCD *Get in Gear* i bhfeidhm don cheathrú bliain as a chéile i gcomhpháirt le Scoil Fisiteiripe agus Eolaíocht na Feidhmíochta UCD. Bhí méadú ar líon na mac léinn a bhí páirteach ann ó 2007 i gclár Dheireadh Fómhair 2009 go 365 i gclár Eanáir 2009.

Tá UCD tiomanta tríd a chlár induchtaithe seachtaine d'fháilte a chur roimh gach mac léinn nua agus d'eolas a thabhairt dóibh ar an raon seirbhísí, tacaíochtaí agus áiseanna atá ar fáil do mhic léinn san ollscoil. Tá Spórt UCD ina gcuid lárnach den Chlár Ionduchtaithe seo, ag baint úsáide as an deis chun an teachtaireacht a chur ina luí ar na mic léinn go léir gur chóir dóibh stíl mhaireachtála atá sláintiúil agus gníomhaíoch a leanúint trí spóirt agus aclaíocht agus iad ag freastal ar UCD.

## Cumainn agus Imeachtaí Mac Léinn 2008/09

**ucd.ie/socs.htm**

Aithníonn UCD go bhfuil ról ríthábhachtach ag cumainn agus gníomhaíocht na gcumann i bhforbairt agus caomhnú gníomhaíochtaí cáilíochtbhunaithe, seach-churaclaim, oideachasúla, cultúrtha agus sóisialta do mhic léinn.

Le linn thréimhse na tuarascála, tharla Ceolra Phobal UCD, *Guys and Dolls*, i Halla Uí Raghallaigh agus chuir an Cumann Drámaíochta sraith de chúig oíche díolta amach den cheolra Rent ar stáitse in Áras Newman. Fuair léiriúcháin UCD 10 n-ainmniúchán agus bhuaigh siad ceithre dhuais ag féile Chumann Drámaíochta Mhic Léinn na hÉireann (CDMLE) i Luimneach.

I measc na gcuairteoirí a thug óráid do chumainn na mac léinn i rith na bliana bhí iar-imreoir sacair idirnáisiúnta Niall Quinn; Seanadóir na Stát Aontaithe Patrick Leahy; aisteoirí Jon Heder, John Hurt agus Aaron Eckhart; Buaiteoir Duaise Nobel Desmond Tutu; captaen na Mumhan agus na Leon Paul O'Connell; agus raccheoltóir Roger Daltrey. Bhí an-chuid tuairiscithe sna meáin ar na himeachtaí sin agus leanann siad ag cur UCD agus a chuid sraithe saibhre de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim i láthair.

Chuir na Cumainn leis na Laethanta Oscailte bliantúla arís, leis an gCumann Garchabhrach Éigeandála nua ag soláthar a sheirbhísí den chéad uair ag ócáid UCD.

Bhain dhá fhoireann UCD áit amach i gcluiche ceannais Díospóireachta Idir-Ollscoile Pháras inar chaill siad i gcoinne Aontas Oxford. Bhuaigh mic léinn Stephen Boyle agus Ian Boyle Harper príomhdhíospóireacht idirnáisiúnta Cheanada Áras Hart in Ollscoil Toronto agus príomhdhíospóireacht an IV Mheiriceá Thuaidh ag Ollscoil Yale. Bhuaigh Julia Lawlor agus Rebecca McGrath an babhta Nóibhíseach de Yale IV.

6

## CLÁIR OIBRE A MHÚNLÚ

Tá UCD fós tiomanta dá ról lárnach a bhí aige le 155 bliain anuas i múnlú shochaí agus chultúr, pholaitíocht agus gheilleagar na hÉireann. Cuireann Caidrimh Ollscoile UCD timpeallacht chomhtháite inmheánach agus sheachtrach chumarsáide ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde UCD.

Leanann Forbairt agus Caidrimh Alumni UCD ag cothú an naisc fad saoil idir UCD agus breis is 130,000 duine in Éirinn agus ar fud an domhain, ag cur chun cinn dílseachta agus ag tacú le hiarrachtaí bailithe airgid chun a chinntiú go mbeidh na deiseanna céanna ag na glúnta amach anseo.

## AN CLÁR


| | |
|---|---|
| Caidrimh Ollscoile UCD | **40** |
| Forbairt agus Caidrimh Alumni UCD | **42** |
| Dámhachtainí agus Gradaim | **43** |

# Caidrimh Ollscoile UCD

Le trí bliana anuas bhí trí chroí-chuspóir ag an straitéis chumarsáide: forbairt agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar chéannacht láidir UCD; uasfhónamh a bhaint as tionchar cumarsáide UCD ar pháirtithe leasmhara seachtracha trí sheirbhís chumarsáide, margaíocht agus caidrimh mheáin; agus bheith páirteach le spriocghrúpaí inmheánacha.

Ag tógáil air seo, an phríomhsprioc ag cumarsáid na hOifige Caidrimh Ollscoile ná a croíluahanna a chur in iúl d'fhonn mic léinn a earcú, saineolas acadúil a chothú agus pobal a thógáil.

Bhí ról lárnach ag feachtas CAO 2009, *Meet the Students*, i dteachtaireacht oideachais UCD a chur ina luí ar ábhar mac léinn agus mar thoradh air sin d'ardaigh céad roghanna CAO faoi 6%, ag dearbhú áit UCD mar an chéad rogha d'iarrthóirí fochéime.

Chun tacú le hobair an Chláraitheora Chúnta don Léann Iarchéime, forbraíodh sainfheachtas chun méadú ar líon na n-iarratas ar chéimeanna máistreachta múinte. Thaispeáin an clár seo na sochair ghinearálta a bhaineann le léann iarchéime UCD, chomh maith le béim a leagan ar roinnt sainchéimeanna sonracha trí bhealaí nideoige. Cuireadh tacaíocht oirbheartaíoch ar fáil do Scoileanna ar leith a bhí ag iarraidh mic léinn iarchéime a earcú.

Ag gluaiseacht diaidh ar ndiaidh isteach i meáin nua, chuathas i mbun roinnt tionscadal d'fhonn uasfhónamh a bhaint as tionchar na cumarsáide gréasáin.

**Cainéal nua Leathanaigh Bhaile**

Rinneadh forbairt, deara agus seoladh ar chainéal cumarsáide nua le haghaidh leathanach baile gréasáin UCD. Déanann an fhoireann cumarsáide an t-inneachar a fhorbairt agus áiríonn sé gnéithe scannáin agus scríofa maidir le daoine acadúla tábhachtacha, nuálaithe, deiseanna céime agus scoláireachta, forbairt campais agus imeachtaí campais. Tá timthriall dhá mhí ag an gcainéal.

**Dearadh gréasáin**

Ag tógáil ar iniúchadh gréasáin 2008, rinneadh dearadh ar theimpléad leasaithe chun costais a laghdú, feabhas a chur ar nascleanúint agus éascú a dhéanamh ar tháirgeadh inneachair.

**Tionscadail Ghréasáin**

Forbraíodh roinnt croí-straitéisí gréasáin, lena n-áirítear suíomh gréasáin an Uachtaráin (ucd.ie/president) agus suíomh gréasáin an Institiúid John Hume do Léann Éireannach Domhanda UCD (ucd.ie/johnhume).

**Clos-Phodchraoltaí agus Podchraoltaí Físe**

Cuidíodh le roinnt Scoileanna agus aonad sraith podchraoltaí a tháirgeadh lena n-áirítear, Entrepreneurs Live: taifeadtaí le haghaidh NovaUCD, don Institiúid Bia & Sláinte agus Córais Dhomhanda, agus sraitheanna amhail *Death, Burial and the Afterlife* le haghaidh Choláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD.

Cruthaíodh sraith speisialta de léachtaí, *Taste of University*, do mhic léinn na hArdteistiméireachta ag clúdach ábhair choitianta (amhail Matamaitic agus Béarla). Léiríonn sé cineál na hollscoile seachas cur chuige iar-bhunscoile. Féadtar teacht ar an gcéad sraith de léachtaí trialacha trí: ucd.ie/studyatucd/studentexperience/leavingcert/index.html.

Seoladh coincheap na Scáileán Pobail UCD trí chúig scáileán líonraithe taispeána ar fud na bhfoirgneamh Newman, Tierney agus Daedalus. Baintear úsáid astu seo chun fógraí cumarsáide agus eolas faoi imeachtaí a chur ar fail do mhic léinn, don fhoireann agus do chuairteoirí agus chun tógáil ar an rath ar na himeachtaí lárnacha i bhféilire imeachtaí na hollscoile (ucd.ie/events) arna mbainistiú ag Caidrimh Ollscoile.

## Clúdach sna Meáin

Ar an rud ba shuntasaí i mbainistiú imeachtaí agus caidrimh mheáin bhí fógairt na *Comhghuaillíochta Nuálaíochta* idir UCD agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, a d'fhógair an Taoiseach Brian Cowen TD. I measc na n-imeachtaí tógála pobail a poiblíodh bhí bronnadh céime Bloomsday ar an 16 Meitheamh 2009. Tacaíodh freisin le croí-imeachtaí campais amhail Dinnéar an Lae Bhunaithe (7 Samhain 2008) agus cuairteanna VIP a d'áirigh Uachtarán Phoblacht na Seice, Václav Klaus, ar an 11 Samhain 2008 agus Príomhaire na Tansáine, Mizengo Peter Pinda, ar an 26 Feabhra 2009.

Cuireann seirbhís iomlán mheáin freagraí beachta tráthúla ar fáil d'iriseoirí ar fhiosruithe chomh maith le teachtaireachtaí straitéiseacha a chothú i ndáil leis na ollscoil, i ndáil le torthaí taighde agus le saineolas an phobail acadúil agus na sochair oideachais d'ábhair mac léinn.

## Róil Eile

Foilsíodh cúig eagrán de *UCD Today*, iris na hollscoile, le linn na bliana, agus thacaigh baill den fhoireann le táirgeadh agus foilsiú *UCD Connections*. Tá ról leanúnach ag an Oifig Chaidrimh Ollscoile le ról leanúnach i bpleanáil ríthábhachtach agus i mbainistiú tarluithe (m.sh. freagairt do tharluithe tromchúiseacha, Paindéim A (H1N1)).




1




2



3

4




1. **Chuir seirbhís iomlán caidrimh mheáin UCD freagraí beachta tráthúla ar fáil d'iriseoirí ar a bhfiosrúcháin, agus chuir chun cinn teachtaireachtaí straitéiseacha maidir leis an ollscoil, a torthaí taighde agus saineolas phobal acadúil UCD**


2. **Le linn na bliana, reáchtáladh feachtais éagsúla chun teachtaireacht maidir le hoideachas UCD a chur in iúl d'ábhar mic léinn; mar thoradh ar sin d'ardaigh líon na chéad roghanna faoi 6%**

3. **De réir mar a athraíonn UCD i dtreo meáin nua, chuathas i mbun sraith tionscadal d'fhonn an fónamh is fearr a bhaint as an tionchar ag cumarsáid ar an ngréasán, lena n-áirítear athdhearadh shuíomh gréasáin UCD**

4. **Foilsíodh cúig eagrán d'iris na hollscoile *UCD Today* le linn na bliana, ag coinneáil na bpáirtithe leasmhara ar an eolas maidir le nuacht agus forbairtí UCD**

5. **Déantar tathant, san fheachtas *Alum~inate*, a seoladh le linn an tsamhraidh, ar alumni na hollscoile dul i dteagmháil lena chéile arís agus clár, nó a gcuid sonraí a nuashonrú, d'fhonn cuidiú le cruthú bunachair shonraí lárnaigh**

5



# Forbairt agus Caidrimh Alumni UCD

ucd.ie/alumni

Coinníonn Forbairt agus Caidrimh Alumni UCD nasc idir an 130,000 alumni agus an ollscoil. Déanann Fondúireacht UCD (Éireann), Fondúireacht John Henry Newman (SAM) agus Cairde UCD (RA) bainistiú ar an ioncam go léir ó bhailiú airgid agus ó fhoinsí daonchairdiúla. Go stairiúil, ní féidir tábhacht na tacaíochta daonchairdiúla a mheas faoina tábhacht agus go dtí seo tá breis is €50 milliún bailithe ar an gcaoi seo, ag tacú le tionscadail amhail Ionad O'Kane do Léann na Scannánaíochta agus Scoil Ghnó Quinn UCD. Beidh tábhacht níos mó ag baint leis an bhfoinse mhaoiniúcháin seo de réir mar a laghdóidh an maoiniú ón státchiste.

Le tuiscint ar an tábhacht a bhaineann leis an ngaol leis na hiarscolairí, leanann Forbairt agus Caidrimh Alumni na hollscoile ag éascú agus ag cothú na nasc le clár fairsing caidrimh alumni. Tá obair leanúnach ar bun le grúpaí alumni in Éirinn agus thar lear chun éascú a dhéanamh ar athaontú agus imeachtaí a chuireann tacaíocht ar fáil do chumainn na gcéimithe.

## Dul Chun Cinn go dtí Seo

Ag tacú le cuspóirí forbartha na hollscoile, leanann Fondúireacht UCD ag díriú ar bhealaí chun maoiniú a sholáthar do thionscadail ollscoile, trí fheachtais mhóra bailithe airgid agus trí thacaíocht dhaonchairdiúil a fháil do mhórthionscadail tógála, chomh maith le scoláireachtaí. Ar na tosaíochtaí reatha tá Scoil Dlí Sutherland UCD agus forbairtí móra in Ionad Eolaíochta UCD.

Sheol Fondúireacht UCD clár mór bailithe airgid sa bhliain 2007 agus déantar an t-ioncam uaidh sin a riar trí Chiste Alumni UCD. Ó shin i leith, rinneadh tathant ar bhreis is 16,000 céimí bronntanas a thabhairt agus gealladh breis is €560,000. Déantar roinnt mhaith cistí neamhshrianta a bhailiú ar an mbealach seo do thacaíocht leanúnach na dtionscnamh atá dírithe ar mhic léinn. I measc na dtosaíochtaí don bhliain amach romhainn tá soláthar scoláireachta, maoiniú don leabharlann agus tacaíocht do thionscadail a bhfuil géarghá ag mic léinn leo.

Cuireann Clár Comhaltachta Newman, atá anois ag ceiliúradh a 21ú bliain ar an bhfód, deiseanna ar fáil ag an leibhéal iardhochtúireachta, ó cuireadh é ar bun, agus d'éirigh leis ar bhonn leanúnach taighdeoirí ardchumais a mhealladh a ndearna gnóthaí agus tionscail a gcuid oibre a urrú go fial. Go dtí seo cuireadh maoiniú ar fáil do 115 comhalta Newman. I measc na ndeontóirí reatha tá Agilent Technologies, Comhdháil na gCeardchumann agus Nycomed.

## Gnóthachtálacha Suntasacha

Spreagann clár caidrimh alumni an rannpháirtíocht trí raon bealaí éagsúla: an suíomh gréasáin www.ucd.ie/alumni, iris bhliantúil alumni *UCD Connections* agus an t-eagrán démhíosúil *eConnections* a choinníonn alumni chun dáta maidir le nuacht agus imeachtaí suimiúla, á spreagadh i gcónaí filleadh chun cuairt a thabhairt ar an gcampas. Déantar imeachtaí a roghnú ar bhonn freastal ar phríomhchuspóirí a bhaineann le caidrimh a chothú, cothú ionchais agus maoirseacht.

Seoladh an feachtas *Alum~inate*, le linn an tsamhraidh, ag spreagadh alumni le dul i dteagmháil lena chéile arís, nó a gcuid sonraí a uasdátú. Cuideoidh sé seo le bunachar sonraí lárnach a thógáil chun gur féidir muinín a chothú maidir le cáilíocht an eolais atá ar an mbunachar maidir le alumni, agus ar an gcaoi seo éascú a dhéanamh ar an teagmháil atá againn leo.

An téama lárnach a bhaineann leis an gcur chuige seo ná *Ath-nascadh*: An deis a thabhairt do dhaoine dul siar ar bhóthar na smaointe, freastal ar imeachtaí a chuireann i gcuimhne dóibh a dtréimhse ag freastal ar UCD agus á spreagadh rud éigin a thabhairt ar ais. Tá cultúr flaithiúlachta ag Éirinn; tá UCD ag forbairt lorg an chúnaimh. Teastaíonn ó Fhorbairt agus Caidrimh Alumni a chinntiú go bhfuil sé ag lorg cúnaimh agus páirteach i líonra ag lorg tacaíochta.

## Cuspóirí don Todhchaí

Tá obair idir lámha i gcónaí maidir leis an mbnunchloch a leagan d'fhorbairt an fheachtais *Campaign for UCD: Forming Global Minds*, a dhíreoidh ar na príomhfheachtais agus na príomhthionscadail bailithe airgid ar an gcampas.

Maidir leis na straitéisí nua agus nuálaíocha bailithe airgid – amhail teileatóin nua agus coir phoist dhíreacha – déantar iad a thástáil agus a chomhtháthú leis na mórfheachtais bhailithe airgid reatha d'fhonn a chinntiú go mbainfear an leas is fearr agus is féidir as na deontóirí atá ann faoi láthair. Déantar feachtas leagáide a thástáil freisin don tréimhse amach romhainn.

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gclár caidrimh alumni chun a chinntiú go bhfuil sé fós reatha, iomchuí. Déanfar leasú chun dáta ar eagrán 2009–2010 de *UCD Connections* chun béim a leagan ar ghnóthacháil alumni na hollscoile agus a rannpháirtíocht i gcúrsaí in Éirinn agus thar lear. Go luath san fhómhar seolfar *Characters in Conversation*, sraith a dearadh chun fáilte ar ais a chur roimh alumni clúiteacha na hollscoile agus a bpearsana a chur i láthair dár lucht léitheoireachta fairsing.

Sna míonna amach romhainn, athsheolfar cárta creidmheasa Affinity UCD, i gcomhar le Banc na hÉireann. Tugann an cárta an deis d'alumni na hollscoile a mbród as a bheith bainteach le UCD a léiriú, agus tacú airgid a thabhairt chomh maith.

# Aitheantas Speisialta

## Céimeanna Oinigh

**An tOllamh Deirdre Curtin,** ollúnacht Dlí, Ollscoil Amstardam – Céim Oinigh le Dlí – 1 Meán Fómhair 2008.

**An tOllamh JoséVarela Núñez,** gradam in oideachas nuálaíochta agus forbairt réigiúnach – Céim Oinigh le Dlí – 2 Meán Fómhair 2008.

**Jim Quinn,** Uachtarán Tiffany & Co – Céim Oinigh le Dlí – 13 Samhain 2008.

**Alasdair MacIntyre,** fealsúnaí tábhachtach comhaimseartha – Céim Oinigh le Litríocht – 10 Márta 2009.

**An Dr Francisco Javier Solana de Madariaga,** Ard-Rúnaí Chomhairle an AE – Céim Oinigh le Dlí – 22 Aibreán 2009.

**An Dr Michael E. Kamarck,** nuálaí i mbiteiceolaíocht agus taighde cógaisíochta – Céim Oinigh – Dochtúir le hEolaíocht – 4 Meitheamh 2009.

**Jack Kyle,** iar-leathchúlaí amuigh Rugbaí na hÉireann – Céim Oinigh le Dlí – 16 Meitheamh 2009.

**Hilary M. Weston,** daonchara – Céim Oinigh – Dochtúir le Litríocht – 16 Meitheamh 2009.

**John Joseph Collins,** scoláire le litríocht apacailipteach neas-oirthear – Céim Oinigh – Dochtúir le Litríocht – 16 Meitheamh 2009.

**Kieran McGowan,** iarcheannasaí an IDA – Céim Oinigh le Dlí – 16 Meitheamh 2009.

**Dennis O'Driscoll,** file – Céim Oinigh – Dochtúir le Litríocht – 16 Meitheamh 2009.

**Richard A. Lerner,** ceimiceoir – Céim Oinigh – Dochtúir le hEolaíocht – 16 Meitheamh 2009.

## Bonn Ulysses UCD

**An Dr Michael Smurfit,** 24 Aibreán 2009, mar aitheantas ar a chion suntasach i leith bhunú Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD sa bhliain 1991.

**Lochlann Quinn,** 24 Aibreán 2009, mar aitheantas ar chion suntasach ar an méid ar rinne an tUasal Quinn agus a bhean chéile Brenda i dtreo thógáil na Scoile Gnó Quinn nua UCD, a osclaíodh sa bhliain 2002.

**An tUachtarán John L Hennessy,** 10ú Uachtarán Ollscoil Stanford, 16 Márta 2009, mar aitheantas ar a chion suntasach domhanda i leith an taighde acadúil, na nuálaíochta agus an oideachais ollscoile.

**An tOllamh Richard Ernst,** buaiteoir na Duaise Nobel sa Cheimic (1991), 7 Bealtaine 2009, mar aitheantas ar a chion suntasach domhanda i leith na heolaíochta.

**An tOllamh Richard A. Lerner,** 15 Meitheamh 2009, mar aitheantas ar a obair cheannródaíoch mar cheimiceoir, a d'oscail doirse sa fhionnachtain eolaíochta.


**Brian Friel,** drámadóir, 16 Meitheamh 2009, mar aitheantas ar a chion sna hEalaíona agus a ról mar dhrámadóir is fearr na hÉireann atá fós beo.

## Bonn an Lae Bhunaithe

Bronnadh Bonn an Lae Bhunaithe ar an **Dr Pearse Lyons**, alumnus UDC, bunaitheoir agus uachtarán Alltech – agus bronnadh an bonn air ar an 7 Samhain 2009, mar aitheantas ar an méid suntasach a rinne sé ar son na heolaíochta agus an tionscail.




1




2



3



4

1. Ar Bloomsday, 16 Meitheamh 2009, bronnadh dochtúireachtaí oinigh UCD ar sheisear a bhí tar éis éachtaí a bhaint amach ina saol, agus bronnadh Bonn Ulysses UCD ar an drámadóir Brian Friel. Sa ghrianghraf (ó chlé): Jack Kyle, iar-leathchúlaí amuigh Rugbaí na hÉireann (Céim Oinigh Dhochtúireachta sa Dlí); Kieran McGowan, iarcheannaire an IDA (Céim Oinigh Dochtúireachta sa Dlí); John Joseph Collins, scoláire i screaptra neas-oirthir apacailipteach (Céim Oinigh Dhochtúireachta sa Litríocht); Hilary M. Weston, daonchara (Céim Oinigh Dhochtúireachta sa Litríocht); an Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD; Brian Friel (Bonn Ulysses UCD); Richard A. Lerner, ceimiceoir (Céim Oinigh Dhochtúireachta san Eolaíocht); agus Dennis O'Driscoll, file (Céim Oinigh Dhochtúireachta sa Litríocht)

2. Alumnus UCD an Dr Pearse Lyons, bunaitheoir agus uachtarán Alltech, ar ar bronnadh Bonn Lae Bhunaithe UCD ar an 7 Samhain 2008 mar aitheantas ar an méid suntasach a bhain sé amach san eolaíocht agus sa tionscal

3. Bronnadh Bonn Ulysses UCD ar Uachtarán Stanford University John L Hennessy i mí an Mhárta 2009 mar aitheantas ar a chion domhanda den scoth ar son an taighde acadúil, na nuálaíochta agus an oideachais ollscoile

4. Bronnadh Céim Oinigh Dhochtúireachta sa Dlí ar Jim Quinn, uachtarán Tiffany & Co, ar an 13 Samhain 2008 de bharr a thacaíochta don oideachas, ina cheantar dúchais féin Nua-Eabhrac agus trí mheán a róil ar an North American Advisory Board de chuid Scoil Iarchéime Ghnó Michael Smurfit UCD



7

# FORBAIRTÍ FOIRNE

Ní fhéadfaí fís UCD a fhíorú maidir le bheith in ollscoil diantaighde den chéad scoth gan barr feabhais a bhaint amach i dtacú lena acmhainn tosaigh – a fhoireann agus na dámha.

Tá UCD tiomanta d'éascú a dhéanamh ar fhorbairt iomlán a fhoirne reatha, agus ar earcú straitéiseach na foirne nua. Tá sé mar aidhm ag an ollscoil go mbeadh UCD ina áit ina bhfuil luach ar an duine aonair agus ina gcothaítear an duine sin, agus áit a ndéantar measúnú ar fheidhmíocht ar bhealach iomchuí struchtúrtha tacaithe ag na deiseanna iomchuí don fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil.

# AN CLÁR


| | |
|---|---|
| Forbairtí Foirne | **46** |
| Ceapacháin Nua | **47** |

## Forbairtí Foirne

ucd.ie/hr

An misean atá ag AD UCD ná bheith ina chomhpháirtí a oibríonn i gcomhar le bainistíocht agus foireann na hollscoile, ag soláthar seirbhísí agus saineolas bainistíochta ardcháilíochta AD, ag cumasú eagrúchán agus forbairt daoine de réir na spriocanna straitéiseacha.

Bhí soláthar na gcroísheirbhísí AD ar bhealach tráthúil costéifeachtach ar phríomhfhócas AD UCD le linn 2008/09, fad is a coinníodh rannpháirtíocht thiomanta i dtionscadail foirne ardbhainistíochta éagsúla. Maille leis na tionscadail seo, bhí AD UCD páirteach chomh maith sa chlár oibre chun costais a laghdú.

Tá deiseanna leanúnacha forbartha ar fáil don fhoireann trí Chóras Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta atá curtha i bhfeidhm go hiomlán anois. Chomh maith leis sin, chuir AD UCD feabhas ar raon deiseanna forbartha don fhoireann trí thabhairt isteach seirbhísí meantóireachta agus cóitseála agus cláir atá spriocdhírithe ar róil éagsúla agus ar chéimeanna éagsúla gairme.

### Dul Chun Cinn go dtí Seo

Bhí ról tábhachtach ag AD UCD i gcur chun cinn na dtionscnamh laghdaithe costais párolla, lena n-áirítear dhá céim do scor luath, scéim sosa gairme dreasachtaithe agus scéim de bhliain oibre níos giorra. I measc na ngníomhaíochtaí eile sa réimse seo tá bainistiú a dhéanamh ar neamhláithreacht agus cuidiú le Scoileanna agus anois tús áite a thabhairt d'ualaí oibre trí eagrú a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí forbartha bainistíochta.

I measc thionscadail na Foirne Ardbhainistíochta AD UCD a cuireadh i bhfeidhm bhí Bainistíocht agus Rialachas Acadúil, Prótacail Earcaíochta Acadúla, Ardú Céime Acadúil, Gairmeacha Taighde agus Pleanáil Fórsa Oibre, agus Cláir Cheannaireachta agus Táscairí Feidhmíochta Tábhachtacha a Fhorbairt.

Cuireadh i gcrích cur i bhfeidhm céimneach CBFF UCD do bhreis is 3,000 ball foirne agus tá an Tionscadal Luathchéime Gairme idir lámha.

Tá cumas na seirbhíse freastal ar na riachtanais thuasluaite de chuid na hollscoile ar bhealach éifeachtach faoi thionchar mór chur i bhfeidhm agus leabú ról AD.

Seoladh seirbhís eadrána, ag cur próiseas réitigh coinbhleachta ar fáil atá deonach, rúnda agus a chuidíonn le páirtithe atá i mbun díospóide teacht ar réiteach ar bhealach comhréitithe le cúnamh ó thríú páirtí neamhchlaonta.

Cuireadh i gcrích athbhreithniú ardchaighdeáin ar phróisis earcaíochta agus cur i bhfeidhm iomlán na ríomhearcaíochta ar fud na hollscoile.

Rinneadh athbhreithniú iomlán ar an gcaoi a ndéantar polasaithe agus gnáthaimh AD a chur i láthair agus rinneadh suíomh gréasáin AD a leasú chun dáta, ag cur eolais inrochtana go héasca ar fail don fhoireann ar fud na hollscoile.

Cuireadh i gcrích go sásúil athbhreithniú cuimsitheach ar chlár dírithe foirne agus feabhsaíodh an Clár Forbartha Ceann Scoile.

Áirítear i bpleananna don todhchaí ullmhú do Phróiseas Athbhreithnithe Cáilíochta AD, cur leis an gclár laghdaithe costais agus meicníochtaí a fhorbairt a chuideoidh le measúnú breise ar sheirbhísí AD.

# Ceapacháin agus Ardú Céime

**I gcás na gceapachán sa tábla seo a leanas rinneadh iad sa tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2008 agus 31 Lúnasa 2009.**

## Ceapacháin chuig Ollúnachtaí

Leagtar amach sa tábla thíos na ceapacháin acadúla a rinneadh i dtréimhse na tuarascála chuig Ollúnachtaí agus áiríonn sé idir fhoireann nua-earcaithe UCD agus fhoireann ó UCD a fuair ardú céime.

| Ainm | Teideal | Aonad |
|---|---|---|
| **An tOllamh John Jackson** | Déan le Dlí agus Ollamh le Dlí Coiriúil | Scoil Dlí UCD |
| **An tOllamh Johan Ericsson** | Ollamh Stoke FEÉ | Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD |
| **An tOllamh Steffen Backert** | Ollamh le Micribhitheolaíocht Cheallach | Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis UCD |
| **An tOllamh Diane Negra** | Ollamh le Léann Scannánaíochta agus Cultúr an Scáileáin | Scoil na Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD |
| **An tOllamh Máire B Ní Annracháin** | Ollúnacht le Nua-Ghaeilge agus Litríocht na Gaeilge | Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Bhéaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD |
| **An tOllamh Joao Marques Silva** | Ollamh Stokes FEÉ le Ríomheolaíocht agus Faisnéisíocht | Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD |
| **An tOllamh David Coker** | Ollamh Stokes FEÉ le Fisic Bhithnaineach agus Stiúrthóir an Ionaid Atlantaigh do Shamhltú Adamhach | Scoil na Fisice UCD |
| **An tOllamh Chris Whelan** | Ollamh le Socheolaíocht | Scoil na Socheolaíochta UCD |
| **An tOllamh Martin Albrecht** | Ollamh le Ceimic Orgánach | Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD |
| **An tOllamh Diarmaid Ferriter** | Ollamh le Nua-Stair na hÉireann | Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD |
| **An tOllamh Boris Kholdenko** | Leas-Stiúrthóir an Ionaid Córais Bhitheolaíocha | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD |
| **An tOllamh Walter Kolch** | Stiúrthóir an Ionaid Córais Bhitheolaíocha | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD |
| **An tOllamh Margaret Colette McAuley** | Ollamh le hObair Shóisialta | Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD |